



An tÚdarás Árachas Sláinte
The Health Insurance Authority

2017

TUARASCÁIL BHLIANTÚIL AGUS CUNTAIS

An tÚdarás Árachas Sláinte

Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6.

Íosghlao: 1850 929 166

Teil: (01) 406 0080

Facs: (01) 406 0081

Ríomhphost info@hia.ie

Suíomh Gréasáin: www.hia.ie

Ábhar

1	Ráiteas an Chathaoirligh	2
2	Baill agus Lucht Bainistíochta an Údaráis	4
	Baill	4
	Lucht Bainistíochta	6
3	Feidhmeanna an Údaráis	8
3.1	Rialú	10
3.1.1	Struchtúr Rialála an Mhargaidh	10
3.1.2	Forbairtí Rialála i 2017	10
3.1.3	Scéim na hÉireann um Chomhionannú Riosca	11
3.1.4	An Ciste um Chomhionannú Riosca	13
3.1.5	Clár na bhFiontar Sochar Sláinte	13
3.1.6	Clár na gConarthaí Árachas Sláinte	14
3.2	Taighde agus Comhairle	15
3.2.1	Ag Déanamh Monatóireachta ar an Margadh Árachais Sláinte	15
3.2.2	Taighde Coimisiúnaithe faoin Margadh Árachais Sláinte	17
3.2.3	Taighde coimisiúnaithe eile	18
3.2.4	Comhairle	18
3.3	Leas Tomhaltais	19
3.3.1	Ceisteanna & Gearáin Tomhaltais	19
3.3.2	Suíomh Gréasáin	20
3.3.3	Fógraíocht	20
4	Gnóthaí Corparáideacha	21
4.1	Straitéis	21
4.2	Rialachas Corparáideach	22
4.3	Acmhainní	26
5	Tuarascáil agus Cuntais 2017	27
5.1	Tuarascáil an Údaráis Árachas Sláinte & Ráitis Airgeadais don bhliain 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2017	27
5.2	Tuarascáil faoin gCiste um Chomhionannú Riosca & Ráitis Airgeadais don bhliain 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2017	50
6	Aguisíní	64
	Aguisín A – Staitisticí a bhaineann leis an Margadh Árachais Phríobháidigh Sláinte in Éirinn, 2017	64
	Aguisín B – Athrúchán Éilimh de réir Aoise	66
	Aguisín C – Struchtúr Aoise an Mhargaidh	67
	Aguisín D – Clár na bhFiontar Sochar Sláinte	68
	Aguisín E – Rátaí Chomhionannaithe Riosca	69
	Aguisín F – Staitisticí Rátáil Phobail Saoil	71

1 Ráiteas an Chathaoirligh

I gcomhréir le Roinn 33(2) den Acht um Árachas Sláinte, 1994, tá mé sásta Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Údaráis Árachas Sláinte (“an tÚdarás”) don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2017 a chur i láthair.

Comhlíonann an tÚdarás roinnt feidhmeanna maidir leis an margadh árachais sláinte in Éirinn, a bhfuil a chóras rialála bunaithe ar na príomhphrionsabail seo: rátáil phobail, rollú oscailte, clúdach saoil agus sochair íosta. Le linn 2017, bhí de thoradh ar fheabhsuithe leanúnacha sa gheilleagar níos leithne méadú breise i líon na ndaoine le hárachas suas go 2.17m (45% den daonra) ag 31 Nollaig, sin méadú de 22,000 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Le 3 bliana anuas, chuidigh rudaí éagsúla – fás ó thaobh fostaíochta de, laghdú san eisimirce ghlan, tabhairt isteach rátaí d’aoisigh óga agus rátaí pobail saoil – leis an treocht a bhí le sonrú roimhe seo, is é sin le rá líon daoine a bhí ag dul i laghad ó bhain an margadh buaic amach ag 2.30m i Mí na Nollag 2008.

Aithníonn an tÚdarás gur féidir leis bheith deacair do thomhaltóirí a mbealach a dhéanamh tríd an margadh mar gheall ar líon na n-athróg táirge atá ar fáil agus an ráta ag a nuashonraítear táirgí nó a gcuid praghsanna. Mar tháscaire leibhéal gníomhaíochta, rinne an tÚdarás athbhreithniú ar bhreis is 1,150 sampla de chonarthaí nua nó athbhreithnithe le linn na bliana; ag an am céanna laghdaíodh líon na dtáirgí atá ar fáil ó 373 go 328, mar gheall go príomha ar an éadail a ghlac Irish Life Health ar GloHealth i Mí Feabhra, 2017.

Tá uirlis chomparáide an Údaráis, www.hia.ie/ci/health-insurance-comparison, ríthábhachtach maidir le cur ar chumas tomhaltóirí comparáid a dhéanamh faoi na táirgí go léir atá ar fáil sa mhargadh; cuireann an uirlis an cuardach in oiriúint le freastal ar a gcuid riachtanas. Fuair an suíomh gréasáin breis is 558,000 cuairt i 2017, sin méadú 11% ar 2016. Fuair ár leathanaigh ar Facebook, Twitter agus LinkedIn níos mó leantóirí le linn na bliana. I 2017 cuireadh i gcrích mórathbhreithniú ar shuíomh gréasáin an Údaráis, www.hia.ie, ag díriú ar fheidhmiúlacht agus ar thaithí an chustaiméara. De thoradh air sin, tá athfhorbairt leathan sceidealaithe le cur i gcrích faoi dheireadh na bliana 2018, a mbeidh mar chuid di athruithe maidir le conas a chuirtear faisnéis áirithe i láthair, go háirithe i dtaca le cabhrú le tomhaltóirí an táirge árachais sláinte is iomchuí agus is fearr ó thaobh luach airgid de a aimsiú dá gcuid riachtanas sonrach féin.

Ag aithint go bhfuil an margadh árachais phríobháidigh sláinte casta agus go gcuireann sé mearbhall ar dhaoine, cuireadh tús le sraith fhíseán míniúcháin ar shuíomh gréasáin an Údaráis le linn na bliana le cabhrú le tomhaltóirí príomhcheisteanna árachais a thuiscint níos fearr. Ba é an chéad ábhar a clúdaíodh ná rátáil phobail agus tá tuilleadh físeán beartaithe faoi conas an clúdach is iomchuí a fháil agus mar a mínítear béarlagair an árachais phríobháidigh sláinte.

Tá iachall ar árachóirí a dhíolann árachas sláinte do dhaoine a bhíonn “ina gcónaí de ghnách sa stát” bheith cláraithe leis an Údarás agus cloí le forálacha na nAchtanna um Árachas Sláinte. Chinn an tÚdarás go gcuimsíonn an téarma seo mic léinn nach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad a bhíonn ag freastal ar chúrsa staidéir a mhaireann níos mó ná bliain acadúil amháin. Níor ghlac árachóir amháin leis an gcinneadh agus rinneadh Fógra Forfheidhmiúcháin a sheirbheáil air i Mí Mhárta 2017. Ina dhiaidh sin d’eisigh an t-árachóir dhá thacar imeachtaí san Ardchúirt, leis an bhFógra Forfheidhmiúcháin a chur ar neamhní chomh maith le cinneadh an Údaráis maidir le mic léinn nach den LEE iad. Táthar ag súil leis go n-éistfear na himeachtaí seo i 2018.

Tugadh Rátáil Phobail Saoil isteach ar 1 Bealtaine 2015. Ar iarratas an Aire Sláinte, cuireadh athbhreithniú dhá bhliain i gcrích le linn 2017 agus, tar éis aighneachtaí a iarraidh agus a fháil ó pháirtithe leasmhara, eisíodh tuarascáil don Aire i Mí na Bealtaine 2017.

Tá an tÚdarás freagrach as riar agus as cothabháil na Scéime um Chomhionannú Riosca, ar taca riachtanach í i dtaca leis an rátáil phobail, agus tá cuntais 2017 an Chiste um Chomhionannú Riosca, a bunaíodh faoin Scéim, le fáil mar chuid den Tuarascáil seo. Bainistítear an Ciste ar an mbonn go mbeidh ioncam agus eisíocaíocht i gcothromaíocht thar am, agus aon farasbarr nó easnamh á gcur san áireamh in athbhreithniú bliantúil an Údaráis agus i moltaí don Aire.

Tá an tÚdarás ag leanúint ar aghaidh le pléite leis an Roinn Sláinte agus le tionscal an áracháis agus é i gceist tomhais nua stádais sláinte a chur san áireamh (Grúpaí atá Bainteach le Diagnóis) laistigh d'áirimh aistrithe na Scéime um Chomhionannú Riosca, agus é mar chuspóir riosca a chomhionannú níos fearr maidir leis na costais níos airde árachais le haghaidh na gcustaiméirí sin nach bhfuil róshláintiúil.

Tá áthas orm aitheantas a thabhairt d'obair agus do thiomantas Bhaill an Údaráis le linn 2017. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an Aire Sláinte, an tUas. Simon Harris TD, chomh maith le hoifigigh sa Roinn Sláinte, as ucht a gcuid tacaíochta le linn na bliana.

Mar fhocal scoir, tá an tÚdarás buíoch as an obair atá á déanamh ag foireann an Údaráis agus as an tiomantas a léirigh siad ar fud 2017.



Sheelagh Malin
Cathaoirleach

30 Meitheamh 2018

2 Baill agus Lucht Bainistíochta an Údaráis

Baill

Ceaptar Baill an Údaráis ag an Aire Sláinte (“an tAire”) do théarmaí suas le cúig bliana. Seo a leanas Baill an Údaráis:



Sheelagh Malin (Cathaoirleach) – Ceaptha 6 Bealtaine, 2010
Athcheaptha 1 Feabhra, 2016

Is Comhalta í Sheelagh Malin den Chumann Achtúirí in Éirinn. Tá taithí bhainistíochta de bhreis is 25 bliana aici i dtionscal an áracháis saoil, mar Stiúrthóir Bainistíochta, Stiúrthóir Airgeadais, Oifigeach um Chomhlíonadh, agus i ról a bhain le forbairt táirge agus le margaíocht. Feidhmíonn sí mar Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin ar bhoird roinnt cuideachtaí árachais.



Ian Britchfield – Ceaptha 20 Meitheamh, 2016

Tá taithí 25 bliana ag Ian Britchfield sna tionscail árachais agus athárachais. Is Comhalta é d’Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus is ball é d’Institiúid na Stiúrthóirí. Gníomhaíonn sé mar Stiúrthóir Neamhspleách Neamhfheidhmiúcháin do roinnt cuideachtaí san earnáil árachais/athárachais. Roimhe sin chaith sé breis is deich mbliana le Renaissance Reinsurance, áit a raibh sé ina Stiúrthóir Bainistíochta ar a gcuid oibríochtaí Éireannacha agus roimhe sin bhí sé mar Stiúrthóir Airgeadais le Bainisteoirí Árachais Aon. Chaith sé an chéad tréimhse dá shaol oibre, seacht mbliana, le Pricewaterhouse in Éirinn agus i mBeirmiúda.



Sean Coyle – Ceaptha 1 Feabhra, 2016

Is é Sean Coyle Stiúrthóir Airgeadais & Stiúrthóir Bainistíochta Rannach, Aquilant ag UDG Healthcare cpt. Sular thosaigh sé le UDG Healthcare cpt bhí roinnt ról sinsearach airgeadais agus tráchtála aige in Aer Lingus cpt agus Ryanair Holdings cpt, áit a raibh sé ina POA agus ina Stiúrthóir ar Ioncam Sceidealaithe faoi seach. Is Comhalta é d’Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus fuair sé oiliúint le KPMG. Rinne sé ionadaíocht ar son na hÉireann i gCumann Dáileacháin Chúraim Shláinte na hEorpa agus tá cur amach aige ar mhúnlaí éagsúla cúraim shláinte ar fud na hEorpa.



An Dr. Fiona Kiernan – Ceaptha 1 Feabhra, 2016

Is Lia Comhairleach í an Dr. Fiona Kiernan i réimsí na hAinéistíse agus an Leighis Dianchúraim in Ospidéal Beaumont, agus is Comhalta í de Choláiste Ainéistíse na hÉireann. In éineacht lena céim sa leigheas, tá céim Mháistreachta aici in Eacnamaíocht, Polasaí agus Bainistíocht na Sláinte ón London School of Economics and Political Science, agus tá sí ag déanamh staidéir le haghaidh dochtúireachta san Eacnamaíocht leis an Roinn Eacnamaíochta sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Tá léachtaí tugtha aici faoi ábhair a bhaineann le leithdháileadh acmhainní agus eacnamaíocht sláinte laistigh de Choláiste na nAinéistíse, agus tá láithreoirachtaí déanta aici go hidirnáisiúnta faoi úsáid chúraim shláinte agus faoi rochtain ar chúram sláinte. Baineann na réimsí taighde a bhfuil sí ag tabhairt fúthu faoi láthair leis an gcaidreamh ioncam-sláinte in Éirinn, agus le tomhas feidhmíochta córais sláinte in ospidéal na hÉireann.



James A. McNamara – Ceaptha 1 Feabhra, 2016

Tá James McNamara ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Ghrúpa Ospidéal Ollscoil Chorcaí ó bhí 1992 ann agus bhí sé ina bhall ar chomhlachais éagsúla náisiúnta comhairleacha agus sainchomhairleoireachta don Roinn Sláinte agus Leanaí, lena n-áirítear an Grúpa Náisiúnta um Straitéis Chardashoithíoch (1998) agus Comhairle na nOspideal (2004). I 2004 ceapadh é ina bhall den Fhoireann Bhainistíochta Athraithe d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun claochlú chóras cúraim shláinte na hÉireann agus sa ról seo bhainistigh sé foireann Oifig náisiúnta na nOspideal. Bhí sé ina bhall ar feadh 6 bliana de Sheirbhís Fuilaistriúcháin na hÉireann agus bhí sé ina chathaoirleach ar Choiste Airgeadais an Bhoird seo ar feadh roinnt blianta. Bhí sé ina bhall de bhord an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre ó 2005 go 2010 agus bhí sé ina chathaoirleach ar an gcoiste iniúchóireachta. Tá MSc curtha i gcrích aige i gCleachtas Bainistíochta le Coláiste na Tríonóide agus le Foras Bainistíochta na hÉireann agus faoi láthair tá sé ag déanamh staidéir le haghaidh a dhochtúireachta i Riarachán Gnó ag Henley Management College & Ollscoil Reading i Londain.

Lucht Bainistíochta

Seo a leanas Lucht Bainistíochta an Údaráis:



Don Gallagher

Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir

Tá MSc i mBainistíocht ag Don Gallagher ó Choláiste na Tríonóide; is duine é a bhfuil an-taithí aige mar Phríomhfheidhmeannach idirnáisiúnta agus bhí sé ar Bhord chuideachtaí náisiúnta agus idirnáisiúnta árachais agus bainistíochta maoine. Le déanaí bhí Don Gallagher ina POF agus ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin ar fhochuideachta Eorpach phríomhárachóra dhomhanda shaoil. Roimhe sin bhí sé ina Leasuachtarán Sinsearach agus ina Stiúrthóir Bainistíochta le móraráchóir saoil Ceanadach in Éirinn agus i gCeanada. Ceapadh Don Gallagher do Chomhairle an Ombudsman Seirbhísí Airgeadais in Eanáir 2017.



Eamonn Horgan

Bainisteoir Ghnóthaí Corparáideacha/Rúnaí don Údarás

Tá céim Mháistreachta Eolaíochta ag Eamonn Horgan, chomh maith le cáilíochtaí iarchéime i ngnó agus in airgeadas agus i rialachas corparáideach. Bhí sé ina bhainisteoir oibríochtaí agus táirgthe sa tionscal príobháideach sular thosaigh sé ag obair leis an Údarás mar Bhainisteoir Gnóthaí Corparáideacha.



Brendan Lynch

Ceann Taighde/Seirbhísí Teicniúla

Is eacnamaí agus dlíodóir cáilithe é Brendan Lynch. Tá céim Mháistreachta aige in Eacnamaíocht chomh maith le Diplóma i nDlí na hEorpa. D'oibrigh sé mar chomhairleoir eacnamaíoch, mar eacnamaí stocbhróicéara agus mar chomhairleoir eacnamaíoch don Aire Airgeadais.



Corrinna Nolan

Rialtóir Airgeadais

Tá BA ag Corrinna Nolan i gCuntasaíocht agus in Acmhainní Daonna agus is ball í de Chuntasóirí Cairte na hÉireann agus d'Institiúid Árachais na hÉireann. Sular thosaigh sí ag obair leis an Údarás bhí Corrinna Nolan ag obair laistigh de Rannán Maoirseachta Árachais Bhanc Ceannais na hÉireann, agus roimhe seo bhí ról aici i réimse iniúchta na seirbhísí airgeadais.



Micheál Ó Briain
Ceann Ghnóthaí Rialála

Is Comhalta é Micheál Ó Briain de Chumann na nAchtúirí in Éirinn. Tá taithí de bhreis is 30 bliain aige ar chúrsaí bainistíochta i dtionscal an árachais saoil. Bhí sé ina Stiúrthóir Feidhmiúcháin agus ina Achtúire Ceaptha ag cuideachta árachais saoil de chuid na hÉireann sular thosaigh sé ag obair leis an Údarás.



Tá oifigí an Údaráis Árachais Sláinte lonnaithe ag:
Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6, D06 FC93.
LoCall: 1850 929 166
Teil: (01) 406 0080
Facs: (01) 406 0081
Rphost: info@hia.ie
Suíomh gréasáin: www.hia.ie

3 Feidhmeanna an Údaráis

Bunaíodh an tÚdarás ag Ordú ón Aire ar 1 Feabhra, 2001 faoin Acht um Árachas Sláinte, 1994 agus feidhmíonn sé i gcomhréir le forálacha an Achta seo agus na nAchtanna um Árachas Sláinte (Leasú) (a dtugtar “na hAchtanna um Árachas Sláinte” orthu le chéile).¹

Déanann na hAchtanna um Árachas Sláinte soláthar do rialú ghnó an árachais phríobháidigh sláinte in Éirinn tar éis achtú “Tríú Treoir Árachais Neamhshaoil” an Aontais Eorpaigh. Leagann an Treoir seo amach riachtanais an mhargaidh inmheánaigh do Bhallstáit maidir le hárachas neamhshaoil, árachas sláinte san áireamh. Cuireann an reachtaíocht Eorpach seo ar chumas Bhallstát aonair glacadh leis na riachtanais shonracha ar an tslí is fearr a oireann dá gcóras náisiúnta dlí ar leith agus dá gcóras náisiúnta cúraim shláinte.

Tá Príomhchuspóir na nAchtanna um Árachas Sláinte leagtha amach sa reachtaíocht, mar seo a leanas:

“Is é príomhchuspóir an Achta seo ná cinntiú go bhfuil, ar mhaithe le leas an phobail, agus ar fud an mhargaidh árachais sláinte, teacht ar chlúdach árachais sláinte ar fáil ag tomhaltóirí seirbhísí sláinte gan aon idirdhealú déanta eatarthu (bíodh creidmheasanna comhionannaithe riosca nó bearta dleachta stampála nó aon bhearta eile ag dul i bhfeidhm orthu, nó aon mheascán díobh sin), go háirithe maidir le costais na seirbhísí sláinte, bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar stádas riosca sláinte, aois nó inscne nó, minicíocht sholáthar seirbhísí sláinte chuig aon tomhaltóirí dá leithéid nó d’aon aicme de thomhaltóirí dá leithéid, agus ag cur san áireamh go háirithe do chuspóirí na sprice sin:

- a) go dtéann riachtanais sláinte thomhaltóirí seirbhísí sláinte i méid de réir mar a éiríonn siad níos míshláintiúla, agus iad ag tarraingt ar agus ag dul isteach sa tseanaois san áireamh;
- b) inmhianaitheacht chinntiú, ar mhaithe le dlúthpháirtíocht na sochaí agus idirghlúine, agus beag beann ar stádas riosca shláinte nó aois, nó minicíocht sholáthar na seirbhísí sláinte chuig, aon ghlúin ar leith (nó cuid di), go roinnfí ualach chostas na seirbhísí sláinte ag árachaithe trí fhóirdheontas costais a sholáthar idir daoine sláintiúla agus daoine nach bhfuil chomh sláintiúil céanna, idir daoine óga agus seandaoine san áireamh, agus gan dochar do bhailíocht ghinearálta na sprice sin, go háirithe go bhfuil teacht ag daoine nach bhfuil chomh sláintiúil céanna, daoine aosta san áireamh, ar árachas sláinte trí mheán creidmheasanna comhionannaithe riosca;
- c) an tslí ina bhfeidhmíonn an margadh árachais sláinte maidir le conarthaí árachais sláinte, maidir le fiontair aonair chláráithe agus ar fud an mhargaidh araon; agus
- d) an tábhacht a bhaineann le cur in éadan fiontair chláráithe (árachóirí sláinte) a bheith i mbun cleachtas, nó ag tairiscint conarthaí árachais sláinte, cé acu trí dheighilt an mhargaidh árachais sláinte (trí aon mheán) nó seachas sin, a bhfuil mar chuspóir nó éifeacht acu na fiontair a bheith níos mó i bhfabhar le clúdach a thabhairt do riosca árachais sláinte daoine sláintiúla, lena n-áirítear daoine óga, seachas clúdach a thabhairt do riosca árachais sláinte na ndaoine sin nach bhfuil chomh sláintiúil céanna, daoine aosta san áireamh.”

Ciallaíonn rátáil phobail bearta a théann i bhfeidhm, go hiomlán nó go páirteach, i dtreo bhaint amach an phríomhchuspóra.

Seo a leanas príomhfheidhmeanna an Údaráis:

- Monatóireacht a dhéanamh ar an margadh árachais sláinte agus comhairle a thabhairt don Aire (cé acu ar a (h)iaratas féin nó ar thionscnamh an Údaráis féin) faoi nithe a bhaineann le hárachas sláinte;
- Monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na nAchtanna um Árachas Sláinte agus, nuair is cuí sin, fógraí forfheidhmiúcháin a eisiúint chun comhlíonadh na nAchtanna a fhorfheidhmiú;

¹ An tAcht um Árachas Sláinte, 1994, Ordú (Lá Bunaithe), 2001 (I.R. Uimh. 40 ó 2001).

- Chun feidhmeanna áirithe a chur i gcrích maidir le dleacht stampála árachais sláinte agus creidmheasanna comhionannaithe riosca agus i dtaca leis an scéim um chomhionannú riosca;
- Tabhairt faoina leithéid de ghníomhaíocht is a mheasann sé a bheith iomchuí chun feasacht bhaill an phobail a spreagadh maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus sheirbhísí árachais sláinte atá ar fáil acu; agus
- “Clár na bhFiontar Sochar Sláinte” (“an Clár”) a chothabháil chomh maith le “Clár na gConarthaí Árachais Sláinte”

Cleachtóidh an tÚdarás a leithéid de chumhachtaí agus atá riachtanach d’fheidhmiú a chuid feidhmeanna. Is féidir go sannfaidh an tAire tuilleadh freagrachtaí don Údarás faoi mar a ndéantar soláthar dó sna hAchtanna um Árachas Sláinte.

3.1 Rialú

3.1.1 Struchtúr Rialála an Mhargaidh

Tá córas rialála árachais phríobháidigh sláinte na hÉireann bunaithe ar na príomhphrionsabail seo: rátáil phobail, rollú oscailte, clúdach saoil agus sochar íosta. Tá sé mar aidhm aige cinntiú nach gcosnaíonn árachas príobháideach sláinte níos mó do na daoine sin is mó a dteastaíonn sé uathu. Tá an córas neamh-mhaoinithe, rud a chiallaíonn nach dtógtar aon chiste thar shaol árachaí chun a gcostas ionchais éileamh a chlúdach. Ina áit sin, déantar an t-airgead a íocann árachaithe a chomhthiomsú ag gach árachóir agus tógtar costas na n-éileamh in aon bhliain ar leith amach as na cistí.

Is sa chomhthéacs seo nach mór coincheap rátála pobail a thuiscint. Ciallaíonn sin nach dtéann an leibhéal riosca atá i gceist le tomhaltóir ar leith d'árachóir i bhfeidhm ar an bpréimh a íoctar. I bhfocail eile, gearrtar an phréimh chéanna ar gach duine as plean ar leith, beag beann ar aois, ar inscne agus ar staid reatha nó staid dhóchúil todhchaí a sláinte, faoi réir ag eisceachtaí maidir le leanaí faoi bhun 18 mbliana d'aois, lascaí do bhaill scéimeanna grúpa, aosaigh óga agus ualuithe rátála pobail saoil.

Ciallaíonn rollú oscailte agus clúdach saoil nach mór d'árachóirí sláinte, seachas i gcúinsí an-teoranta atá sonraithe sa reachtaíocht, glacadh le gach iarratasóir ar árachas sláinte agus tá ceart gach tomhaltóra faoi ráthaíocht maidir lena gcuid polasaithe a athnuachan beag beann ar a n-aois nó ar a stádas sláinte.

Faoi na Rialacháin um Shochar Íosta, ní mór do gach táirge árachais a sholáthraíonn clúdach do chóir leighis ospidéil othar cónaitheach leibhéal íosta áirithe a sholáthar. Meastar é a bheith riachtanach an leibhéal íosta sochar a rialú mar gheall ar nádúr casta agus speisialaithe na dtáirgí árachais phríobháidigh sláinte, arbh fhéidir a bheith mar thoradh orthu, cheal rialú, go soláthrófaí táirgí do thomhaltóirí nach soláthraíonn leibhéal sách cuimsitheach de chlúdach.

Is próiseas é an comhionannú riosca ar aidhm leis aghaidh a thabhairt ar dhifríochtaí maidir le costais éilimh na n-árachóirí a eascraíonn mar gheall ar athruithe i stádas sláinte a gcuid ball. Tá i gceist le comhionannú riosca íocaíochtaí chuig nó ó árachóirí a bhaineann le próifíl a gcuid ballraíochta. Is meicníocht choitianta é an comhionannu riosca i dtíortha ina bhfuil árachas sláinte rátála pobail i bhfeidhm.

3.1.2 Forbairtí Rialála i 2017

Achtaíodh an tAcht um Árachas Sláinte (Leasú) 2017 i Mí na Nollag 2017. Leis sin leasaíodh an tAcht um Árachas Sláinte 1994 ar an tslí seo a leanas:

- an méid préimhe atá le híoc ón gCiste um Chomhionannú Riosca a shonrú maidir le haicmí áirithe árachaithe ó 1 Aibreán 2018;
- an tAcht sin a leasú chun méid an chreidmheasa úsáide ospidéil a shonrú atá infheidhmithe ó 1 Aibreán 2018;
- leasuithe áirithe eile a dhéanamh don Acht sin;
- leasú iarmhartach a dhéanamh don Acht um Chomhdhlúthú Dhleachtanna Stampála 1999; agus
- soláthar a dhéanamh do nithe gaolmhara

Tá iachall ar árachóirí a dhíolann árachas sláinte do dhaoine a bhíonn “ina gcónaí de ghnáth sa stát” bheith cláraithe leis an Údarás agus cloí le forálacha na nAchtanna um Árachas Sláinte. Chinn an tÚdarás go gciallaíonn “ina gcónaí de ghnáth sa stát”, maidir le mic léinn nach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch iad, iad siúd a bhíonn ag freastal ar chúrsa staidéir a mhaireann níos mó ná bliain acadúil amháin. Scríobh an tÚdarás chuig roinnt árachóirí i 2016 a bhí ag díol (nó ag cuimhneamh ar a bheith ag díol) a leithéid de chonarthaí ag an am sin, leis an gcinneadh seo a chur in iúl dóibh. Níor ghlac ACE European Group Teo. leis an gcinneadh seo agus sheirbheáil an tÚdarás Fógra Forfheidhmiúcháin orthu i Márta 2017.

D'éisigh ACE European Group Teo. dhá thacar imeachtaí ar 4 Bealtaine 2017 san Ardchúirt maidir leis an bhFógra Forfheidhmiúcháin. Tá Ordú iarrtha acu chun an Fógra Forfheidhmiúcháin a chur ar neamhní chomh maith le hOrdú chun cinneadh an Údarais maidir leis an téarma “ina gcónaí de ghnáth sa Stát” i dtaca le mic léinn nach den LEE iad. Táthar ag súil leis go n-éistfear na himeachtaí i 2018.

Tugadh Rátáil Phobail Saoil isteach i margadh árachais phríobháidigh sláinte na hÉireann ar 1 Bealtaine 2015. D'iarr an tAire Sláinte go ndéanfaí athbhreithniú ar an rátáil Phobail Saoil ag an Údarás i 2017, dhá bhliain tar éis tabhairt iseach na rialachán. De thoradh air sin d'éisigh an tÚdarás páipéar comhairliúcháin faoin ábhar in Eanáir 2017 agus d'iarr sé aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara. Fuair an tÚdarás 23 aighneacht. Tar éis dó breithniú a dhéanamh faoi na haighneachtaí, d'éisigh an tÚdarás Tuarascáil chuig an Aire i Mí na Bealtaine 2017, tuarascáil ar féidir í a léamh ag: <https://www.hia.ie/news/report-health-insurance-authority-department-health-lifetime-community-rating-2017>.

Leibhéal Clúdaigh

Faoin Acht um Árachas Sláinte (Leasú) 2012, cinneann an tÚdarás cad iad na cineálacha de chonradh árachais sláinte ar conarthaí Neamhardchlúdaigh iad, lena mbaineann na leibhéil níos ísle de chreidmheasanna comhionannaithe riosca agus de thobhaigh rátála pobail. Éilíonn an sainmhíniú a bhaineann le conradh Neamhardchlúdaigh nach ndéanann an conradh soláthar do níos mó ná 66% den chostas iomlán do tháillí ospidéal in ospidéal príobháideach nó ní níos mó ná na híocaíochtaí forordaithe íosta faoi na Rialacháin um Shochar Íosta, cibé acu is mó. Má tá an tÚdarás sásta gur conradh Neamhardchlúdaigh é cineál áirithe de chonradh árachais sláinte, sonraíonn sé sin sna Rialacháin agus ar Chlár na gConarthaí Árachais Sláinte. Ní raibh aon Rialacháin á gcur i bhfeidhm ag an Údarás le linn 2017.

Ar 1 Eanáir 2018 bhí 31 chineál de chonradh árachais sláinte sonraithe mar chonarthaí Neamhardchlúdaigh ag an Údarás, i gcomparáid le 41 ar 1 Eanáir 2017. Tá ar a laghad cineál amháin de chonradh Neamhardchlúdaigh ag gach ceann de na Fiontair Bhallraíochta Oscailte. Ar 1 Eanáir 2018 b'ann do 297 gcineál de chonarthaí árachais sláinte Ardchlúdaigh, i gcomparáid le 332 ar 1 Eanáir 2017.

3.1.3 Scéim na hÉireann um Chomhionannú Riosca

An Scéim um Chomhionannú Riosca 2016 - 2020

Tugadh fógra faoin Scéim um Chomhionannú Riosca 2016-2020 don Choimisiún Eorpach mar Státchabhair a bhí comhoiriúnach leis an margadh inmheánach. I Mí Feabhra 2016 dhearbhaigh an Coimisiún Eorpach nach raibh sé chun agóid a chur isteach maidir leis an Scéim chabhrach fhógartha seo.

Seo a leanas príomheilimintí na Scéime um Chomhionannú Riosca:

- Íoctar creidmheasanna um chomhionannú riosca ón gCiste um Chomhionannú Riosca ("CCR") atá á fheidhmiú ag an Údarás.
- Tá creidmheasanna comhionannaithe riosca atá iníoctha maidir le préimheanna éagsúil, bunaithe ar aois, ar inscne agus ar leibhéal clúdaigh. Chun iomaíocht a chosaint, socraítear na creidmheasanna sa tslí nach bhfuiltear ag súil leis go mbeadh na glanmheánchostais réamh-mheasta d'aon aoisghrúpa atá ag fáil creidmheasanna aoischoibhneasa faoi bhun 125% den ghlanmheánchostas réamh-mheasta le haghaidh éileamh.
- Tá creidmheasanna comhionannaithe riosca iníoctha maidir le héilimh ospidéal freisin. Go sonrach, tá suim sheasta iníoctha ón CCR do gach fanacht thar oíche nó cáis lae a chaitheann árachai i gcóiríocht phríobháideach ospidéal nó in ospidéal atá maoinithe go poiblí mar a bhfuil muirear iníoctha faoi Roinn 55 den Acht Sláinte 1970 dá leithéid d'fhanacht. Laghdaíonn sin an costas ó thaobh an árachóra de maidir le hárachas a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil chomh sláintiúil céanna.
- Forchúitítear costas na gcreidmheasanna ag an CCR trí thobhach rátála pobail a bhíonn éagsúil idir leanaí agus daoine fásta agus idir dhá leibhéal clúdaigh (Ardchlúdach agus Neamhardchlúdach) íoctar íocaíochta tobhaigh rátála pobail ag árachóirí do na Coimisinéirí Ioncaim a aistríonn an t-airgead chuig an CCR lena seal. Íoctar creidmheasanna comhionannaithe riosca amach as an CCR chuig na hárachóirí ag an Údarás. Tugtar aon bharrachais nó easnaimh sa CCR ar aghaidh agus déantar lamháil dóibh agus suimeanna tobhaigh todhchaí á socrú.

Leagann na hAchtanna um Árachas Sláinte amach an próiseas a bhaineann le socrú creidmheasanna comhionannaithe riosca:

- Déantar measúnú agus anailís ar shonraí éileamh faoi dhaonra na n-árachaithe agus sonraí eile a chuirtear san áireamh i dtuairisceáin ó árachóirí; déantar sin ag an Údarás gach 6 mhí.

- Dhá uair in aghaidh na bliana eisíonn an tÚdarás tuarascáil don Aire faoin measúnú agus faoin anailís a dhéanann sé ar na tuairisceáin seo. Cuirtear san áireamh sa dara tuarascáil moltaí faoi shuimeanna na gcreidmheasanna comhionannaithe riosca agus faoi shuimeanna na dtobhach rátála pobail. Baineann na moltaí le príomhchuspóir na nAchtanna um Árachas Sláinte, is é sin an aidhm go ndéanfaí róchúiteamh a sheachaint, an aidhm inbhuanaitheacht an mhargaidh árachais sláinte a chothabháil agus an aidhm go mbeadh iomaíocht chothrom agus oscailte ann.
- Má mholann an tAire go n-athrófaí na creidmheasanna comhionannaithe riosca, baintear sin amach trí leasuithe do na hAchtanna um Árachas Sláinte a mholadh, mar a sonraítear suimeanna na gcreidmheasanna.
- Is féidir go ndéanfaidh an tAire moltaí, i dtaca le Tuarascáil an Údaráis, an phríomhchuspóir, an aidhm go ndéanfaí róchúiteamh a sheachaint, an aidhm inbhuanaitheacht an mhargaidh árachais sláinte a chothabháil agus an aidhm go mbeadh iomaíocht chothrom agus oscailte ann, go ndéanfaidh sé moltaí don Aire Airgeadas faoi shuimeanna na dtobhach rátála pobail, a ndéantar soláthar dóibh sna hAchtanna um Chomhdhlúthú Dleachtanna Stampála.
- Déantar dlí de shuimeanna na gcreidmheasanna comhionannaithe riosca agus de na tobhaigh rátála pobail má achtaítear sin ag an Oireachtas.

Na Rátaí Comhionannaithe Riosca i bhFeidhm i 2017

Leagtar amach rátaí na gcreidmheasanna comhionannaithe riosca agus an tobhaigh rátála pobail a bhí i bhfeidhm do chonarthaí a raibh tús leo nó a ndearnadh athnuachan orthu i 2017 in Aguisín E.

I gcás na gconarthaí a scríobhadh ó 1 Márta 2016 go 31 Márta 2017, socraíodh na creidmheasanna sa tslí go mbeadh an costas éilimh mhargaidh réamh-mheasta (glan ar chomhionannú riosca) do gach aoisghrúpa ó aois 65-69 agus os a chionn sin níos lú ná ar comh-mhéid le 130% den mheánchostas éilimh mhargaidh réamh-mheasta. (Gan comhionannú riosca, bheadh an ráta éilimh réamh-mheasta d'aoisghrúpaí breacaosta suas go 400% den mheánráta éilimh mhargaidh). Socraíodh an tobhach rátála pobail ag an tsuim atá réamh-mheasta chun na creidmheasanna a mhaoiniú, agus an tobhach do phleananna Neamhardchlúdaigh comhionann le 50% den ráta atá i bhfeidhm do phleananna Ardchlúdaigh.

Do pholasaithe a thosaigh ar nó tar éis 1 Aibreán 2017, socraíodh na creidmheasanna comhionannaithe riosca sa tslí go mbeadh an costas réamh-mheasta éileamh margaidh (glan ó chomhionannú riosca) do gach aoisghrúpa ó aois 65-69 agus os a chionn sin níos lú ná nó comhionann le 130% den chostas réamh-mheasta éilimh mhargaidh. Socraíodh an tobhach rátála pobail ag an tsuim a réamh-mheastar chun na creidmheasanna a mhaoiniú, agus an tobhach do phleananna Neamhardchlúdaigh comhionann le 50% den ráta atá i bhfeidhm do phleananna Ardchlúdaigh.

Rátaí Comhionannaithe Riosca i bhFeidhm ó 1 Aibreán 2018

Le linn 2017, fuair an tÚdarás tuairisceáin fhaisnéise do dhara leath 2016 agus do chéad leath 2017 ó gach ceann de na Fiontair Bhallraíochta Oscailte. Cuireadh tuarascálacha faoi mheasúnuithe agus faoi anailísí na dtuairisceán seo faoi bhráid an Aire i Mí na Bealtaine agus i Mí Dheireadh Fómhair 2017. Bhí mar chuid de Thuarascáil Dheireadh Fómhair 2017 moltaí an Údaráis faoi shuimeanna na gCreidmheasanna Comhionannaithe Riosca agus na dTobhach Rátála Pobail, do pholasaithe ag tosú ó 1 Aibreán 2018.

Tugadh éifeacht do na rátaí atá i bhfeidhm ó 1 Aibreán 2018 san Acht um Árachas Sláinte (Leasú) 2017 agus leagtar amach iad in Aguisín E. Socraíodh na creidmheasanna seo sa tslí go mbeadh an costas réamh-mheasta éileamh margaidh (glan ó chomhionannú riosca) do gach aoisghrúpa ó aois 65-69 agus os a chionn sin níos lú ná nó comhionann le 130% den mheánchostas réamh-mheasta éilimh mhargaidh.

Socraíodh an tobhach rátála pobail ag an tsuim a réamh-mheastadh chun na creidmheasanna a mhaoiniú, agus an tobhach do phleananna Neamhardchlúdaigh comhionann is 40% den ráta atá i bhfeidhm do phleananna Ardchlúdaigh.

Measúnú Róchúitimh

Tá ceangal ar an Údarás freisin measúnú a dhéanamh más rud é go ndéanann an Scéim um Chomhionannú Riosca róchúiteamh d'aon árachóir.

- Uair in aghaidh na bliana, faoi 1 Bealtaine, tá ceangal ar árachóirí cuntais bhrabúis agus chaillteanais agus cláir chomhardaithe a chur ar fáil don Údarás don bhliain airgeadais roimhe sin sa mhéid go mbaineann siad le gnó árachais sláinte na hÉireann;

- Déanann an tÚdarás measúnú más rud é go ndearnadh róchúiteamh d’aon árachóir ag an scéim um chomhionannú riosca, ag cur ar a gcumas níos mó ná brabús réasúnta a dhéanamh. Tá an measúnú maidir leis an gceist an dtarlaíonn róchúiteamh de thoradh ar an Scéim um Chomhionannú Riosca 2016-2020 bunaithe air seo: an sáraíonn Sochar ar Dhíolacháin glantairbhí, comhlán an atharachais agus gan gníomhaíochtaí infheistíochta a chur san áireamh, an sáraíonn sé 4.4% in aghaidh na bliana, áirithe ar bhonn atrátha trí bliana. Cuirfear an chéad tástáil róchúitimh den chineál seo i gcrích i 2019 don tréimhse 2016 – 2018, na trí bliana sin san áireamh;
- Má chinneann an tÚdarás, faoi na hAchtanna um Árachas Sláinte, go ndearnadh róchúiteamh d’arachóir (ar glantairbhí den scéim um chomhionannú riosca é), déanfaidh an tÚdarás dréacht-thuarascáil a eisiúint don árachóir. Ansin cuirfidh an tÚdarás san áireamh aon aighneachtaí a fhaightear ón árachóir sin sula ndéantar cinneadh deiridh faoi róchúiteamh; agus
- Má chinneann an tÚdarás gur tharla róchúiteamh, eisiúint sé tuarascáil don Aire agus don árachóir faoi thrácht, ag dearbhu cad é suim an róchúitimh. Ansin ní mór don árachóir suim an róchúitimh a aisíoc don CCR.

3.1.4 An Ciste um Chomhionannú Riosca

Bunaíodh an Ciste um Chomhionannú Riosca (“CCR”) i 2013 faoin Acht um Árachas Sláinte (Leasú) 2012. Faoin Acht seo, tá an tÚdarás freagrach as riar agus as cothabháil an CCR.

Tugadh Rialacháin an Achta um Árachas Sláinte 1994 (An Scéim um Chomhionannú Riosca) 2013 isteach i Mí Feabhra 2013. Leagann na Rialacháin seo amach na struchtúir do chur faoi bhráid an Údaráis éileamh creidimh agus tuairisceán comhionannaithe riosca ag fiontair chláraithe chomh maith le bailíochtú na n-éileamh sin ag an Údarás. Cuirtear éilimh eatramacha isteach faoi 21 ú lá na míosa tar éis na míosa lena mbaineann an t-éileamh eatramhach. Nuair atá an tÚdarás sásta go bhfuil na creidmheasanna comhionannaithe riosca dlite go cuí d’fhiontar, eagraíonn an tÚdarás íocaíocht na suime atá dlite ón CCR.

Bailítear an tobhach rátála pobail mar dhleacht stampála ag na Coimisinéirí loncaim ó fhiontair chláraithe ar bhonn ráithiúil. Bíonn sé dlite ar an 21 ú lá den dara mí tar éis deireadh gach ráithe. Ansin íoctar suim an tobhaigh mhíosúil ag na Coimisinéirí loncaim isteach i gcuntas reatha an CCR. Infheistítear cistí nach dteastaíonn láithreach i gcuntas reatha an CCR i Nótaí Stáitchiste. Is é atá sna Nótaí Stáitchiste ná ionstraimí gearrthéarmacha fiachais a eisítear ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta.

Fostaíonn an tÚdarás comhairleoirí iniúchta inmheánaigh chun athbhreithniú bliantúil a chur i gcrích ar ghnáthaimh an Údaráis maidir le riar an CCR. Ullmhaítear cuntais bhainistíochta agus cuirtear faoi bhráid bhaill an Údaráis iad ar bhonn ráithiúil.

3.1.5 Clár na bhFiontar Sochar Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as cothabháil “Chlár na bhFiontar Sochar Sláinte” (“an Clár”). Déanann Roinn 14 den Acht um Árachas Sláinte 1994, soláthar dó go bhfuil ceangal ar aon árachóir sláinte atá i mbun gnó árachais sláinte in Éirinn clárú leis an Údarás agus teastas a fháil uaidh.

Teastaíonn iarratas ar athnuachan chlárúcháin ar bhonn bliantúil. Tar éis clárúcháin, eisítear teastas don árachóir sláinte, ag deimhniú gur féidir leis an árachóir árachas príobháideach sláinte a thairiscint de réir théarmaí a chuid rialacha agus laistigh den reachtaíocht ábhartha.

Is ann do dhá chineál d’fhiontar árachais sláinte in Éirinn. Is árachóirí sláinte iad na Fiontair Bhallraíochta Oscailte nach mór dóibh glacadh le gach custaiméir ar mian leo árachas príobháideach sláinte a fháil (faoi réir ag srianta teoranta áirithe faoi mar a shonraítear iad sa reachtaíocht). Is gairmscéimeanna iad na Fiontair Bhallraíochta Teoranta go príomha, agus bíonn a gcuid ballraíochta teoranta d’fhostaithe eagraíochtaí áirithe. Ní féidir aon Fhiontair Bhallraíochta Teoranta nua a bhunú.

Bunaíodh Irish Life Health DAC i Mí Lúnasa 2016 tar éis chríochnú idirbheart Irish Life Group chun Aviva Health Insurance Ireland Teoranta a fháil (agus é a athainmniú mar Irish Life Health DAC) agus chun úinéireacht 100% a ghlacadh ar GloHealth. De thoradh air sin, d’éirigh Great Lakes Reinsurance (RA) cpt (ag trádáil mar GloHealth) as a bheith ina Fhiontar Ballraíochta Oscailte i 2017.

3.1.6 Clár na gConarthaí Árachais Sláinte

Tá an tÚdarás freagrach as cothabháil “Chlár na gConarthaí Árachais Sláinte”. Dearbhaíonn Roinn 7AC den Acht um Árachas Sláinte 1994 go mbeidh an Clár ina leithéid d’fhoirm agus go mbeidh le fáil ann a leithéid de shonraí a bhaineann le haon chineál de chonradh árachais sláinte atá ar tairiscint sa Stát is a d’fhéadfadh a bheith sonraithe ag an Údarás. Tá ábhar an Chláir ar fáil lena iniúchadh ar shuíomh gréasáin an Údaráis ag: <http://www.hia.ie/consumer-information/register-of-health-insurance-contracts> nó ag oifigí an Údaráis.

Fógra Táirge

Tá ceangal ar fhiontair chláráithe samplaí de gach conradh nua nó athbhreithnithe a chur faoi bhráid an Údaráis ní níos déanaí ná 30 lá sula dtairiscítear a leithéid de tháirge den chéaduaire.

Déanfaidh fiontar gach tairiscint a chothabháil ar feadh ní níos lú ná 60 lá ar na téarmaí agus ar na coinníollacha céanna agus ní mór go mbeadh an táirge bailí ar feadh tréimhse de 12 mhí mura bhfuil cúis mhaith agus cúis dhóthanach ann do théarma difriúil.

Chuir árachóirí 1,150 sampla de chonarthaí nua/athbhreithnithe faoi bhráid an Údaráis i 2017, sin laghdú beag i gcomparáid le líon na samplaí a cuireadh faoina bhráid i 2016.

Athbhreithniú ar Fhógraí Táirge do Chomhlíonadh

Déanann an tÚdarás athbhreithniú ar shonraí gach fógra tháirge le cinntiú nach bhfuil siad i gcodarsnacht leis na hAchtanna um Árachas Sláinte. Nuair a bhíonn cúis imní ag an Údarás maidir le conradh, cuireann sé ar a shúile don árachóir cad iad na gnéithe conartha ar féidir go sáraíonn siad an reachtaíocht agus pléann sé an cheist leis an árachóir. Ar gach ócáid den chineál sin le linn na bliana, thug an t-árachóir aghaidh ar chúis imní an Údaráis cé acu trí leasú an chonartha nó trí mhíniú sásúil a thabhairt ar an tslí ina gcloíonn an conradh leis an reachtaíocht.

3.2 Taighde agus Comhairle


3.2.1 Ag Déanamh Monatóireachta ar an Margadh Árachais Sláinte

Méid an Mhargaidh

Is é an margadh árachais sláinte an margadh árachais is mó neamhshaoil in Éirinn. Ba é an t-ioncam préimhe i 2017 ná €2.66bn i gcomparáid le €2.53bn i 2016. As an iomlán, bhain €146m le Fiontair Bhallraíochta Teoranta. Chuaigh na préimheanna in aghaidh an duine in airde sa mheán faoi 3.7% i 2017 (0.3% i 2016).

Ba é líon na n-árachaithe ag deireadh 2017 sa mhargadh árachais sláinte ná 2.17m (leanaí san áireamh), agus b'ionann sin agus 45% den daonra. Bhí líon na n-árachaithe i Mí na Nollag 2017 1.0% níos airde ná 12 mhí roimhe sin, agus an t-éileamh ag dul in airde i gcomhthéacs geilleagair atá ag fás. (Féach Aguisín A, Tábla 1). Stad líon na n-árachaithe de bheith ag titim i dtríú ráithe 2014 tar éis an chúlaithe dhomhain eacnamaíochta sa tréimhse 2009 go 2012. Ba é buaicphointe líon na n-árachaithe ná 2.30m ag deireadh 2008 (51% den daonra). Tá an daonra tar éis a bheith ag dul i méid thart ar 1% in aghaidh na bliana ó bhí tús 2015 ann.

Rátaí Dul i bhFód Margaidh de réir Aoisghrupa
2010, 2014 agus 2017



Tá meánaois an daonra ag méadú agus tá céatadán an daonra sna cohóirt is sine ag dul i méid go seasta, rud a ghineann éileamh méadaithe ar chúram sláinte. Bíonn sciar an daonra le hárachas sláinte éagsúil go mór de réir aoise agus tá na sciartha sna haoisghrúpaí is sine ag dul i méid níos gaiste ná an meán. Dá bharr sin, chuaigh céatadán na n-árachaithe in aois os cionn 60 i méid faoi 0.7% in aghaidh na bliana ó 2009 agus bhí sé ag 21.9% ag deireadh 2017. Táthar ag súil leis go leanfaidh an dá threocht ar aghaidh (aoisiú an daonra agus aoisiú níos gaiste na coda sin den daonra a bhfuil árachas sláinte acu) don mheántéarma.

Le linn an chúlaithe eacnamaíochta, bhí laghdú suntasach le sonrú i líon na n-árachaithe i gcóhóirt na n-aosach óg, go háirithe an cohóirt 18-29 (310,000 ag deireadh 2008 go 203,000 ag deireadh 2013 in árachóirí rollaithe oscailte) ach freisin an cohóirt 30-39 (365,000 ag deireadh 2008 go 281,000 ag deireadh 2013). Tharla sin go pointe mar gheall ar laghdú i ndaonra na n-aosach óg, ach freisin cionn is go ndeachaigh sciar na n-aosach óg le hárachas sláinte i laghad. D'athraigh an treocht seo thart le trí bliana anuas mar gheall ar fhás sa gheilleagar agus i gcúrsaí fostaíochta agus mar gheall ar laghdú gaolmhar i nglaneisimirce na n-aosach óg. Bhí éifeacht freisin ag tabhairt isteach lascainí d'aoisigh óga agus na rátála pobail saoil i 2015.

Tá claonadh ann i dtreo éileamh níos airde in aghaidh an árachais mar gheall ar aoisiú de réir an chéile dhaonra na n-árachaithe, fiú mura dtarlaíonn aon mhéaduithe costais ó thaobh soláthar an chúraim shláinte de mar, sa mheán, bíonn níos mó éilimh ag daoine breacaosta ar chúram sláinte.

Ag deireadh 2017, bhí 3 Fhiontar Ballraíochta Oscailte ag feidhmiú sa mhargadh (Vhi Healthcare, Laya Healthcare agus Irish Life Health). Cheannaigh Irish Life Health GloHealth agus chomhcheangail siad oibríochtaí an dá chomhlacht i Mí Feabhra 2017. I Mí na Nollag 2017, ba é an sciar den mhargadh a bhí ag Vhi Healthcare ná 50%, tar

éis dóibh sciar de 95% a bheith acu i lár na 1990í, sular osclaíodh an margadh suas le haghaidh iomaíochta. Bhí sciar den mhargadh ag Laya Healthcare² de 26% agus bhí sciar de 20% ag Irish Life Health. Tá sciar den mhargadh de 4% ag Fiontair Bhallraíochta Teoranta (Féach Aguisín A, Tábla 3). Bíonn sciartha an mhargaidh éagsúil go maith de réir aois na n-áraithe, faoi mar atá leagtha amach in Aguisín C, cé go bhfuil méid na héagsúlachta ag dul i laghad le blianta beaga anuas. Mar shampla, ag deireadh 2017, ba é Vhi Healthcare a bhí ag cur árachais ar 64% de na daoine in aois 70-79 a raibh árachas acu, i gcomparáid le 72% ag deireadh 2014 agus 80% ag deireadh 2011.


Costas an Árachais Sláinte agus Costais Éileamh Cúraim

Ba í an mheánsuim a íocadh do phréimh árachais sláinte do chlúdach othair chónaithe i 2017 ná €1,220 (do chonarthaí laistigh de réim na Scéime um Chomhionannú Riosca), i gcomparáid le €1,177 i 2016 agus €1,200 i 2014. Ba í 2015 an chéad bhliain go ndeachaigh an mheánphréimh árachais sláinte i laghad ó bhí 2001 ann. Tá na figiúirí seo bunaithe ar oll-leibhéil phréimhe ach bíonn éifeacht laghdaithe ag préimheanna do leanaí agus ag lascaí d'aosaigh óga ar an meánfhiúir³.


Chuaigh meánsuim na n-éileamh a íocadh in aghaidh an árachais i laghad faoi 1% i 2017, tar éis méadaithe 1% i 2016 agus 6.5% i 2015. Tharla go leor de mhéadú 2015 mar gheall ar an athrú sna rialacha a bhaineann le hothair phríobháideacha a mhuirearú in ospidéal phoiblí i Mí Eanáir 2014; cuirtear síos ar an athrú seo thíos. Ina ainneoin sin is uile, tá an ráta méadaithe fós níos ísle ná an meánmhéadú bliantúil de 12.6% a tharla idir 2008 agus 2012. Le ceithre bliana anuas, bhí ráta iomlán an bhoilscithe i bpraghsanna do thomhaltóirí gar do náid. Bhí boilsciú an-íseal i gceist i gcás innéacs sláinte na bpraghsanna do thomhaltóirí freisin le blianta beaga anuas; chuaigh praghsanna i méid faoi 1.2% i 2016 agus 1.3% i 2017. Tá srianadh an fháis in éilimh árachais rithábachtach d'ínbhuanaitheacht an mhargaidh árachais dheonaigh sláinte, go háirithe i gcomhthéacs na rudaí sin atá taobh thiar de dhul chun cinn fadtéarmach na gcostas cúraim shláinte, is é sin níos lú fulaingthe a bheith ag daoine i leith na drochshláinte, idirghabhálacha nua leighis agus máinliachta agus aoisiú an daonra.

Taispeánann na cairteacha seo a leanas conas ar athraigh na rátaí éileamh a íocadh agus na laethanta córa leighis in aghaidh an árachais idir 2013 agus 2017, an dá bhliain sin san áireamh. Tugtar ualú de 1/3 do leanaí sna háirimh seo chun an phréimh níos ísle a íoctar a léiriú. (Tá na figiúirí éilimh bunaithe ar shainmhíniú teicniúil sna Rialacháin Tuairisceán Faisnéise de "shochair aischurtha".)

Sochar aischurtha margaidh in aghaidh an árachais ó 2013 go 2017



Laethanta cóireála leighis in aghaidh an árachais ó 2013 go 2017



² Is gníomhaire árachais é Laya Healthcare Teo. a dhíolann na polasaithe árachais sláinte a fhrithghealltar ag Elips Insurance Limited, sin an fiontar atá cláraithe leis an Údarás. Ní rialaítear Laya Healthcare Teo. ag an Údarás ach rialaítear ag Banc Ceannais na hÉireann é.

³ Laghdaítear na glanphréimheanna a ndéantar tomhaltóirí a bhilleáil dóibh ag árachóirí a laghdú ag faoiseamh cánach ioncaim, sin 20% den ollphréimh suas go huasmhéid de €200, agus a fhaigheann na hárachóirí go díreach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Athruithe i dtaca le Rátaí a Mhuirearú d'Ospidéal Phoiblí

Ó thús 2014 ar aghaidh, bhí muirir nua do lóistín príobháideach in ospidéal poiblí i bhfeidhm, faoi mar atá leagtha amach san Acht Sláinte (Leasú), 2013. Cé go raibh roinnt muirear níos ísle ná mar a bhí roimhe seo, ba é an t-athrú ba mhó ná go mbeadh aon duine a shocraigh gan ghlacadh lena gceart ar chóir leighis poiblí (agus bheith ina n-othar príobháideach, mar sin de) faoi dhliteanas ag muirear íosta laethúil de €813 do gach oíche i mórchuid na n-ospidéal géarmhíochaine poiblí, beag beann ar ainmniú na leapa a raibh siad inti (€1,000 do sheomra aonair in aghaidh na hoíche agus €407 do chás lae). Is cosúil gur tharla éifeacht an athraithe seo ar éilimh le moill; tharla mórchuid den éifeacht mhéadaithe ar éilimh i 2015 agus lean cuid den éifeacht ar aghaidh go 2016. Chuaigh na héilimh a íocadh d'ospidéal poiblí i laghad i 2017.

Forbairtí Táirge

Bhí margaíocht á déanamh do 328 dtáirge árachais sláinte le sochair d'othair chónaithe ag deireadh 2017, i gcomparáid le 373 ag deireadh 2016. Nuair a fuair Irish Life Health GloHealth i Mí Feabhra 2017 bhí de thoradh air sin laghdú i líon iomlán na dtáirgí a raibh margaíocht á déanamh orthu ag an árachóir comhcheangailte. Seo a leanas cuid de ghnéithe an mhargaidh:

- Bhí 10% de na conarthaí árachais sláinte a bhí i bhfeidhm ag deireadh 2017 faoi réir ag an ráta níos ísle Neamhardchlúdaigh de dhleacht stampála; bhí an ráta mar an gcéanna ag deireadh 2016.
- Bhí polasaithe ag 5% de dhaonra na n-árachaithe nár chlúdaigh gach ospidéal poiblí ag deireadh 2017 (7% ag deireadh 2016).
- Tá roinnt deighilte le sonrú sa mhargadh. Gan frontair bhallraíochta teoranta a chur san áireamh, cuireann Vhi árachas ar 50% den mhargadh de réir saol ach 64% den chohórt aoise 70-79 agus 81% de na daoine sin atá 80 bliain d'aois nó os a chionn. Arís, gan frontair bhallraíochta teoranta a chur san áireamh, is í sciar Vhi den mhargadh d'ioncam préimhe ná 58%, i gcomparáid le 63.5% de na héilimh a íoctar. I gcodarsnacht leis sin, tá a sciartha is airde den mhargadh de réir saoil le fáil sna haoisghrúpaí níos óige i gcás na n-árachóirí eile. De thoradh ar phróifíl aoise níos sine chustaiméirí Vhi, go príomha, faigheann Vhi Healthcare glansochar suntasach ón scéim um chomhionannú riosca, ach is glanearnaimh a bhíonn i gceist i gcás Laya Healthcare agus Irish Life Health ón scéim. Cuireadh síos ar an scéim um chomhionannú riosca thuas i roinn 3.1.3.
- Ciallaíonn comhthionchar ghnéithe na dtáirgí dírithe agus an difríocht i bpréimheanna do tháirgí éagsúla go n-íocann daoine atá thar aois 60 bliain, sa mheán, préimheanna atá 33% níos airde (34% níos airde i 2016) ná na préimheanna a íoctar ag daoine faoi aois 60 do na leibhéil chlúdaigh is mó a bhfuil ráchairt orthu. Is dócha go mbeidh riachtanas níos mó ag tomhaltóirí breacaosta maidir le lánchlúdach ortaipéideach, rud nach raibh ar fáil ach amháin mar chuid de pholasaithe níos daoire ag beirt de na 3 árachóirí rollaithe oscailte ag deireadh 2017. Sa mheán, is mian le tomhaltóirí breacaosta leibhéal níos fearr de chlúdach ospidéal a bheith acu i gcomparáid le tomhaltóirí níos óige, agus is féidir go mbeadh leisce orthu pleananna agus/nó árachóirí a athrú.

3.2.2 Taighde Coimisiúnaithe faoin Margadh Árachais Sláinte

Coimisiúnaíonn an tÚdarás mórthaighde tomhaltais faoin margadh árachais sláinte dara gach bliain. Rinneadh an babhta is déanaí taighde tuairime i Mí Dheireadh Fómhair 2017 agus foilsíodh é i Mí Feabhra 2018. Is féidir féachaint air ar shuíomh gréasáin an Údaráis ag: <http://www.hia.ie/publication/consumer-surveys/2018>. Soláthraíonn an tsraith seo de thuarascálacha taighde faisnéis luachmhar faoin margadh árachais sláinte, treochtaí thar am san áireamh.

Cuireadh an suirbhé is déanaí i gcrích aghaidh ar aghaidh le sampla, le hionadaíocht náisiúnta, de 1,891. Socraíodh cuótaí bunaithe ar inscne, ar aicme shóisialta agus ar réigiún.

Tá sásamh na ndaoine le cuideachtaí árachais sláinte measartha ard agus é tar éis dul i méid go comhsheasmhach i ngach critéar ó bhí 2013 eile. Baineann na leibhéil is airde sástachta le leibhéal agus le soiléire na faisnéise a thugtar ag cuideachtaí árachais sláinte.

Tá fianaise ann gur féidir go bhfuil minicíocht na n-athruithe ó thaobh soláthróirí de tar éis buaic a shroicheadh. D'athraigh níos lú ná duine as gach ceathrar (22%) a soláthróir riamh; tá sin cosúil go leor le torthaí 2015 (24%). I measc na ndaoine sin nár athraigh soláthróir riamh, ní dhearna ach 10% breithniú maidir le soláthróir a athrú, fiú

amháin. Seo laghdú ó bhuaicphointe de 20% i 2013. Tá an dinimíocht taobh thiar den chlaonadh maidir le soláthróir nua a fháil ag athrú í féin. I measc na ndaoine sin a d'athraigh soláthróir, ní luaitear cúrsaí costais an oiread céanna (cé gur sin an fachtóir is mó i gcónaí). Luaigh 54% de na daoine a d'athraigh soláthróir an praghas mar fhachtóir i 2017, sin titim suntasach ó 65% i 2015. In éineacht leis sin, tá clúdach sochar agus cúrsaí seirbhíse ag éirí níos tábhachtaí. Tá 61% de na daoine a bhfuil árachas sláinte acu sa chatagóir shochdhéimeagrafach ABC1, i gcomparáid le 41% den daonra go ginearálta. Tá 68% d'aosaigh le hárachas sláinte pósta i gcomparáid le 55% d'aosaigh sa sampla iomlán suirbhé.

Baineann na príomhchúiseanna a luaitear le go mbeadh árachas sláinte ag duine le costas na córa leighis, in éineacht le caighdeán braite na seirbhísí poiblí, chomh maith le heaspa bhraite rochtana ar na seirbhísí céanna. Creideann mórchuid na ndaoine sin a ndearnadh suirbhé orthu go gcuireann árachas sláinte ar chumas daoine scuainí a sheachaint agus leibhéal níos fearr seirbhíse a fháil.

3.2.3 Taighde Coimisiúnaithe Eile

I mblianta roimhe seo, fuair an tÚdarás tuarascáil óna chuid comhairleoirí airgeadais agus eacnamaíocha faoi mheasúnú róchúitimh maidir leis an scéim um chomhionannú riosca, faoi mar atá riachtanach de réir na nAchtanna um Árachas Sláinte. Níl an chéad tuarascáil eile den saghas sin riachtanach, áfach, go dtí 2019, de réir fhorálacha na nAchtanna um Árachas Sláinte.

Tá an tÚdarás ag cur roinnt taighde i gcrích maidir leis an éileamh ar árachas sláinte in Éirinn agus maidir lena forbairt. Tá roinnt taighde coimisiúnaithe aige freisin faoi mhaoiniú cúraim shláinte le béim ar leith ar árachas sláinte. Cuirfear síos i dtuarascáil ar fheidhmíocht na hÉireann i gcomparáid le dornán beag de thíortha eile a roghnaíodh. Tá sé i gceist ag an Údarás an taighde a fhoilsiú nuair a bheidh sé curtha i gcrích.

3.2.4 Comhairle

Tugann an tÚdarás comhairle go rialta d'oifigigh de chuid na Roinne Sláinte faoi ghnéithe éagsúla den árachas sláinte agus casann sé go rialta freisin ar oifigigh de chuid na Roinne. Príomhábhair chomhairle is ea na hathruithe ionchasacha reachtaíochta a bhaineann le hárachas sláinte, athruithe a d'fhéadfadh tarlú agus forbairtí todhchaí sa scéim um chomhionannú riosca agus forbairtí/sonraí sa mhargadh árachais sláinte.

3.3 Leas Tomhaltais

3.3.1 Ceisteanna agus Gearáin Tomhaltais

Tá mar chuid d'fheidhmeanna an Údaráis "a leithéid de ghníomhaíocht a dhéanamh agus a mheasann sé a bheith oiriúnach chun feasacht an phobail a spreagadh maidir lena gcearta mar thomhaltóirí árachais sláinte agus seirbhísí árachais sláinte atá ar fáil dóibh" chomh maith le monatóireacht agus, nuair is gá sin, comhlíonadh na nAchtanna um Árachas Sláinte a chinntiú.

Laistigh den sainchúram seo, tá sé mar aidhm ag an Údarás feasacht na dtomhaltóirí a mhéadú maidir lena gcearta agus cabhrú leo chun táirgí árachais sláinte a thuiscint. Déanann an tÚdarás monatóireacht freisin ar sholáthar faisnéise do thomhaltóirí ag árachóirí chomh maith le monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh na nAchtanna um Árachas Sláinte.

Faisnéis Tomhaltais

Cabhraíonn an tÚdarás le tomhaltóirí trí fhreagra a thabhairt ar cheisteanna maidir le hárachas sláinte agus trí chabhrú leo chun achrainn a réiteach le hárachóirí. I 2017 ba é méid na gceisteanna agus na ngearán a fuarthas ag an Údarás ná 6,291 theagmháil (2016: 5,018), sin méadú de 25%. Ba iad na hábhair ba mhinice a pléadh leis an Údarás ná:

- Iarratais ar chomparáidí idir táirgí árachais sláinte;
- Iarratais ar fhoilseacháin fhaisnéise an Údaráis;
- Ceisteanna a bhaineann leis an Rátáil Phobail Saoil;
- Ceisteanna a bhaineann le tréimhsí feithimh
- Ceisteanna a bhaineann le táirgí árachais sláinte agus le clúdach plean;
- Ceisteanna faoi chearta tomhaltais maidir le hárachóirí a athrú;
- Ceisteanna faoi pholasaithe cealúchain na n-árachóirí;
- Ceisteanna ginearálta faoi chostas an árachais phríobháidigh sláinte; agus
- Ceist faoi chaighdeán seirbhíse na n-árachóirí.

Le linn 2017, rinne an tÚdarás idirghabháil go rafar ar son na dtomhaltóirí maidir le ceisteanna ag eascairt i dtaca lena n-árachas sláinte. Leagtar amach thíos dhá shampla de chásanna ar thug an tÚdarás aghaidh orthu.

Cás-staidéar 1

Rinne tomhaltóir teagmháil leis an Údarás chun cur i bhfeidhm thréimhsí feithimh a cheistiú tar éis briste chlúdaigh roinnt blianta ó shin. Bhí bearna chlúdaigh ag an tomhaltóir de 12 sheachtain i 2015, d'aistrigh sí chuig árachóir eile agus ansin shocraigh sí filleadh ar a bunárachóir agus í ag athnuachan a polasaí. Bhí an t-árachóir ag cur na dtréimhsí nua feithimh thomhaltais i bhfeidhm mar gheall ar an mbearna chlúdaigh roimhe sin.

Rinne an tÚdarás teagmháil leis an árachóir chun an chiall a bhain siad as an reachtaíocht a cheistiú; ós rud é gur mhair an briseadh clúdaigh níos lú ná 13 sheachtain, níor chóir go gcuirfí na tréimhsí nua feithimh thomhaltais i bhfeidhm. D'aithin an t-árachóir go ndearnadh botún agus nár chóir go gcuirfí na tréimhsí nua feithimh thomhaltais i bhfeidhm.

Ghabh an t-árachóir air féin athoiliúint a chur ar an ngníomhaire faoi thrácht, na rialacháin faoi thréimhsí feithimh a shoiléiriú lena fhoireann agus teagmháil a dhéanamh leis an tomhaltóir chun a leithscéal a ghabháil. Bhí an custaiméir sásta leis an toradh.

Cás-staidéar 2

Rinne tomhaltóir teagmháil leis an Údarás maidir le hualú Rátála Pobail Saoil a cuireadh i bhfeidhm dá préimh. Bhí an chiall mhícheart bainte ag gníomhaire seirbhíse custaiméara an árachóra as an reachtaíocht faoin Rátáil Phobail Saoil agus ualú mícheart curtha i bhfeidhm acu don phréimh. Bhí iarracht déanta aici an cheist a réiteach le rannóg sheirbhíse custaiméara an árachóra, ach ní raibh sí sásta lena bhfreagra agus le cur i bhfeidhm ualaithe.

Rinne an tÚdarás teagmháil le hárachóir an tomhaltóra chun an chiall a bhaineadar siúd as an reachtaíocht a cheistiú. D'aithin an t-árachóir go ndearnadh botún agus ualú an chustaiméara á áireamh. Dheimhnigh an t-árachóir gur chóir tréimhsí clúdaigh roimhe seo a chur san áireamh agus nár chóir go gcuirfí aon ualú i bhfeidhm.

Ghabh an t-árachóir air féin measúnú a dhéanamh an ndeachthas i bhfeidhm ar aon bhaill eile ar an tslí chéanna, na rialacháin faoin Rátáil Phobail Saoil a shoiléiriú lena fhoireann agus teagmháil a dhéanamh leis an tomhaltóir chun a leithscéal a ghabháil agus chun deimhniú nach gcuirfí aon ualú i bhfeidhm. Bhí an custaiméir sásta leis an toradh.

3.3.2 Suíomh Gréasáin

Cothabhálann an tÚdarás suíomh gréasáin, a sholáthraíonn faisnéis do chustaiméirí i gcomhréir leis na feidhmeanna faisnéise custaiméara a leithdháileadh don Údarás san Acht um Árachas Sláinte (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009.

Tá mar chuid den suíomh gréasáin áis chun pleananna a chur i gcomparáid, áis a chuireann ar chumas ar thomhaltóirí na pleananna is iomchuí a roghnú dá gcúinsí féin agus comparáid a dhéanamh faoi shochair agus faoi phraghsanna pleananna taobh le taobh. Soláthraíonn an áis chomparáide seo rochtain do thomhaltóirí ar shonraí gach plean atá ar an margadh agus seo an t-aon acmhainn mar a bhfuil an fhaisnéis seo ar fáil.

Fuair an suíomh gréasáin breis is 558,000 cuairteoir i 2017, sin méadú de 11% ar 2016 (496,000). Lean ár leathanaigh Facebook, Twitter agus LinkedIn orthu de bheith ag fáil leantóirí breise le linn na bliana seo.

I 2017 cuireadh athbhreithniú i gcrích ar fheidhmiúlacht agus ar thaithí chustaiméara maidir le húsáid suímh ghréasáin an Údaráis, www.hia.ie. Fuair an t-athbhreithniú amach gurbh fhéidir leis bheith ina chabhair, dá ndéanfaí athruithe maidir le conas a chuirtear faisnéis áirithe i láthair, go háirithe maidir le comparáidí táirge, chun go sainaithneodh tomhaltóirí na polasaithe árachais sláinte is iomchuí agus is fearr ó thaobh luach airgid de dóibh féin. Mar chuid de nuashonrú beartaithe ar an suíomh gréasáin d'fhorbair an tÚdarás suíomh gréasáin fréamhshamhla chun na hathruithe beartaithe a thástáil agus thionscain

3.3.3 Fógraíocht

Chuir an tÚdarás duul le sraith d'fhíseáin ar líne le cur beo ar an suíomh gréasáin a rachadh i ngleic le miotais. Tuigeann an tÚdarás gur féidir leis an margadh árachais phríobháidigh sláinte a bheith casta agus gur féidir leis mearbhall a chur ar dhaoine, agus gur féidir leis sin cosc a chur ar dhaoine na polasaí is iomchuí a fháil dá gcuid cúinsí áirithe féin nó fiú maidir le hárachas príobháideach sláinte a fháil in aon chor. Is é cuspóir na bhfíseán seo a théann i ngleic le miotais ná tacú le tomhaltóirí le ceisteanna árachais sláinte a thuiscint sa tslí go bhfuil siad go hiomlán ar an eolas agus iad ag déanamh socrúithe faoi cheisteanna árachais phríobháidigh sláinte agus chun iad a threorú chuig suíomh gréasáin an Údaráis Árachas Sláinte (www.hia.ie) mar foinse údarásach na faisnéise neamhspleáiche faoi cheisteanna árachais sláinte. Agus iad ag tabhairt cuairte ar www.hia.ie, beidh teacht ag tomhaltóirí ar raon ábhair a chuirtear i láthair ar bhealach simplí agus a d'fhreagróidh a gcuid ceisteanna ar fad agus an fhaisnéis sin a sholáthar dóibh a theastaíonn uathu chun an socrú is fearr a dhéanamh dóibh féin agus dá gclann.

Chuir an tÚdarás tús leis an tsraith le físeán míniúcháin, a mhínigh croíchoincheap árachais sláinte na rátála pobail. Cuireadh an físeán chun cinn ar an raidió agus trí mheáin dhigiteacha ar fud Mhí Mheán Fómhair agus Mhí Dheireadh Fómhair 2017. Tá físeáin bhreise beartaithe faoi conas an clúdach árachais phríobháidigh sláinte is iomchuí a fháil, faoi bheith ag déanamh comparáide idir polasaithe, ag míniú cad is clúdach polasaí ann agus bheith ag dul i ngleic le béarlagair.

Chuir an tÚdarás feachtas fógraíochta i gcrích freisin, sna nuachtáin, ar an raidió agus ar an teilifís agus trí fhógraíocht dhigiteach, i Mí na Nollag 2017 - "Review before you renew" – chun sealbhóirí polasaí a spreagadh chun athbhreithniú gníomhach a dhéanamh ar a gcuid árachais reatha sláinte sula ndéanann siad athnuachan.

Ós rud é go mbíonn a lán polasaithe dlite lena n-athnuachan thart ar dheireadh na bliana, mhol an tÚdarás go ndéanadh sealbhóirí polasaí athbhreithniú ar a bplean reatha agus ar a leibhéal reatha clúdaigh trí bheith ag úsáid suíomh gréasáin an Údaráis, www.hia.ie, ós rud é gur féidir go dtaispeánfadh comparáidí gur féidir leo an clúdach reatha sláinte a chothabháil ag costas níos ísle, sin nó plean níos oiriúnaí agus níos éifeachtaí ó thaobh costais de a fháil.

Chuir an feachtas béim air gurbh fhéidir, b'fhéidir, coigilteas de bhreis is €1,300 a dhéanamh trí athrú chuig plean den chineál céanna le soláthróir eile.

4 Gnóthaí Corparáideacha

4.1 Straitéis

Le linn 2015, d'fhorbair an tÚdarás Plean Straitéiseach don tréimhse 3 bliana 2016 go 2018, ina leagann sé amach a Mhisean, Croíluachanna, Fís, Spriocanna agus Cuspóirí Straitéiseacha. Tá sé mar aidhm ag an Údarás leanúint air de bheith ag treisiú a ról agus a chuid seirbhísí de réir a shainchúraim reachtúil, trí chur i bhfeidhm pleanála chun tosaigh agus forbartha leanúnaí. Forbraíodh an Plean trí mheán na rudaí seo a leanas:

- Athbhreithniú ar Phlean Straitéiseach an Údaráis don tréimhse 2012 – 2014;
- Sraith de cheardlanna straitéise ina bhfuil lucht bainistíochta an Údaráis agus Baill an Údaráis rannpháirteach;
- Anailís mhionsonraithe SWOT (giorrúchán Béarla ar 'Buanna, Laigí, Deiseanna, Bagairtí');
- Anailís mhionsonraithe PEST (giorrúchán Béarla ar 'Polaitiúil, Eacnamaíoch, Sóisialta, Teicneolaíoch);
- Sainaithint phríomhbhreithnithe don Údarás; agus
- Forbairt an Phlean Straitéisigh.

Chuir an tÚdarás i gcrích athbhreithniú ar an bPlean Straitéiseach do 2016-2018 i dtreo dheireadh 2017, agus dheimhnigh sé go bhfuil an Misean, an Fhís, na Croíluachanna, agus na Cuspóirí Straitéiseacha atá ann cheana fós iomchuí. Léiríodh roinnt mionathruithe do na gníomhaíochtaí atá riachtanach chun tacú le cuspóirí an Údaráis sa doiciméad nuashonraithe agus sa Phlean Seirbhíse do 2017. Tá an Plean ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis ag <https://www.hia.ie/strategic-plan>

Corpraíonn na ráitis seo a leanas croíchuspóir agus fócas straitéiseach an Údaráis do na 3 bliana dár gcionn.

Fís an Údaráis

"Bheith aitheanta mar rialtóir éifeachtach neamhspleách de mhargadh árachais sláinte na hÉireann chomh maith le foinse údarásach fhaisnéise agus chomhairle fúithi."

Misean an Údaráis

Is é misean an Údaráis ná:

"Bheith ar mhaithe le leas an phobail trí thacú le rátáil phobail, rollú oscailte agus clúdach saoil i margadh iomaíoch árachais dheonaigh sláinte."

Luachanna an Údaráis

Tá an tÚdarás tar éis glacadh leis na luachanna seo a leanas atá le cur i bhfeidhm ina chuid gníomhaíochtaí:

- gníomhú i gcónaí le neamhspleáchas, neamhchlaontacht agus ionracas;
- bheith ag obair ar bhealach gairmiúil agus éifeachtach;
- bheith ina chaomhnóir dílis sócmhainní faoina bhainistiú;
- bheith ag plé go gníomhach le páirtithe leasmhara agus bheith oscailte i dtaca le smaointe agus moltaí nua ó gach foinse;
- bheith onnghníomhach agus nuálach ina chur chuige;
- trédhearcacht a chothabháil ina chuid gníomhaíochtaí ar fad; agus
- meas a léiriú do luach a chuid daoine.

Aithníonn an tÚdarás tábhacht a Fhíse, a Mhisin agus a Chuid Luachanna agus treoraítear acu é, agus é ag cothabháil caihdeáin arda agus soláthar seirbhíse d'ardchaighdeán.

4.2 Rialachas Corparáideach

Cód Cleachtais Rialachais Chorporáidigh

Tá an Cód Cleachtais do Rialachas an Údaráis Árachas Sláinte bunaithe ar an leagan nuashonraithe den “Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachas Stáit” a eisíodh ag an Roinn Airgeadais i Mí na Bealtaine 2009. D’fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe leagan athbhreithnithe den Chód Cleachtais do Rialachas Comhlachtais Stáit (2016) (an “Cód”) a raibh feidhm leis ó 1 Meán Fómhair 2016. Glacann forálacha an Chóid athbhreithnithe na caighdeáin sin a eisíodh roimhe seo i Mí Dheireadh Fómhair 2001 agus i Mí na Bealtaine 2009 ag an Roinn Airgeadais.

Le cabhair ón Roinn Sláinte, rinne an lucht bainistíochta nuashonrú ar dhoiciméid ábhartha, m.sh. téarmaí tagartha, cairteacha scríofa srl., agus tá sé comhlíontach le riachtanais nua an Chóid maidir le 2017.

Eiticí in Oifigí Poiblí

Tá an tÚdarás san áireamh in Ionstraim Reachtuil Uimh. 699 ó 2004 do chuspóirí na nAchtanna um Eiticí in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001. Chomhlíon Baill an Údaráis agus an fhoireann ábhartha a gcuid dualgas faoin reachtaíocht seo.

Nochtú Cosanta

I gcomhréir le Roinn 21 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás, agus iad á gcothabháil aige, le gur féidir le fostaithe reatha nó le hiarfhostaithe nochtadh cosanta a dhéanamh maidir leis an Údarás agus a chuid oibre agus a bhaineann le bheith ag plé lena leithéid de nochtadh. Soláthraíodh faisnéis scríofa maidir leis na nósanna imeachta seo do gach fostaí. Is féidir teacht ar pholasaí an Údaráis ar a shuíomh gréasáin ag <https://www.hia.ie/about-us/governance>.

Maidir le 2017 ní dhearnadh aon nochtadh don Údarás faoin Acht um Nochtadh Cosanta 2014.

Ceartha Daonna agus Comhionannas

I gcomhréir le Roinn 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014, tá nósanna imeachta bunaithe ag an Údarás, agus iad á gcothabháil aige, chun deireadh a chur le leatrom, chun comhionannas a chur chun cinn agus chun ceartha daonna na ndaoine sin a chosaint a bhaineann úsáid as seirbhísí an Údaráis, na daoine sin a dtéann a chuid polasaithe i bhfeidhm orthu agus na daoine sin a fhostaítear ag an Údarás.

Maidir le 2017 ní dhearnadh aon nochtadh don Údarás faoin Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais

Ullmhaíodh na Cuntais Bhliantúla do 2017 don Údarás Árachas Sláinte agus don Chiste um Chomhionannú Riosca (á riar ag an Údarás) agus cuireadh faoi bhráid Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste iad (“an ARC&C”) le haghaidh iniúchta. Rinneadh iniúchadh ar na Cuntais seo agus faomhadh iad ag an oifig sin agus tá siad leagtha amach i Roinn 5 den Tuarascáil Bhliantúil seo agus de na Cuntais seo.

Iniúchadh Inmheánach

Tar éis eisiúint an Chóid i Mí Lúnasa 2016, rinne an Coiste Iniúchta i Mí Feabhra 2017 athbhreithniú agus nuashonrú ar a chuid Téarmaí Tagartha agus ar a Chairt, ag comhlíonadh na riachtanas nua Cód, go ndearnadh an Coiste um Iniúchadh agus Riosca de, (an “CIR”).

Chas an CIR ar a chéile ceithre huairé i 2017. Is féidir teacht ar bhallraíocht agus ar fhreastal ar chruinnithe de chuid an CIR ar feadh 2017 sa Ráiteas Rialachais atá le fáil sna Cuntais atá leagtha amach i Roinn 5 den Tuarascáil Bhliantúil seo agus de na Cuntais seo. Chomhaontaigh an CIR clár iniúchtaí inmheánacha agus le linn 2017 d’ordaigh an Coiste go ndéanfaí roinnt iniúchtaí ar a shon ag BDO, iniúcháirí inmheánacha ceaptha an Údaráis. Chuir na hiniúcháirí inmheánacha i bhfeidhm iniúchtaí ar leith faoi na rialuithe airgeadais inmheánaigh don Údarás Árachas Sláinte agus don Chiste um Chomhionannas Riosca, athbhreithniú ar chinneadh iniúchta TF a rinneadh roimhe seo agus athbhreithniú cibearshlándála. Cuireadh tuarascálacha faoi gach iniúchadh, ina bhfuil cur síos ar an iniúchadh, cinneadh an iniúchta agus tuairimí an lucht bhainistíochta le fáil, cuireadh iad sin faoi bhráid an CIR agus an Údaráis. Chas an CIR ar na hiniúcháirí inmheánacha agus ar na hiniúcháirí seachtracha araon le linn na bliana. Ullmhaíodh pleananna gníomhaíochta ag feidhmeannas an Údaráis chun aghaidh a thabhairt ar chinneadh iniúchta agus rinneadh monatóireacht orthu sin ag an CIR.

Rinne an CIR maoirseacht ar na ráitis airgeadais bhliantúla agus ar cheisteanna a bhain le polasaí cuntasáíochta, bainistiú riosca, rialuithe inmheánacha agus luach ar airgead.

Bainistiú Riosca

Agus é ag tabhairt faoina ról agus faoina chuid feidhmeanna, tá an tÚdarás neamhchosanta ar rioscaí éagsúla straitéiseacha, oibríochtúla agus airgeadais. Is féidir go n-eascródh na rioscaí seo as cé acu foinsí inmheánacha nó seachtracha agus is féidir go gcuirfidh siad cosc ar chumas an Údaráis a chuid cuspóirí a bhaint amach, sin nó cur isteach orthu go mór.

I gcomhréir leis an “Treoir um Bhainistiú Riosca do Ranna agus d’Oifigí Rialtais”, a eisíodh ag an Roinn Airgeadais, Márta 2004, agus i gcomhréir leis an gCód, tá an tÚdarás tar éis inghlachtacht riosca na heagraíochta a shocrú agus tá polasaithe forbartha aige chun na rioscaí sin a shainaithint, a mheasúnú, a mhaolú agus a bhainistiú atá os a chomhair. Cuireann bainistiú éifeachtach riosca ar chumas an Údaráis a bhainistiú straitéiseach, oibríochtúil agus airgeadais a fheabhsú.

Tá Bainistiú Riosca san áireamh i dTearmaí Tagartha an CIR agus tá sé mar chúram díreach ar an gCoiste maoirseacht a dhéanamh ar bhainistiú riosca. Is buanmhír é an bainistiú riosca ar chlár oibre an Údaráis agus an CIR araon. Ina theannta sin, ar bhonn bliantúil déanann an tÚdarás athbhreithniú bliantúil ar na rioscaí sin a shainaithnítear ar chlár na rioscaí agus ar an bplean bainistíochta chun na rioscaí a sainaithníodh a mhaolú. Cuirfear na rioscaí sin a shainaithnítear ar fud na bliana le Clár na Rioscaí ar bhonn leanúnach. Déantar athbhreithniú breise ar ard-rioscaí (iad siúd a dtugtar rátáil ómrach nó dhearg dóibh), ar rioscaí nua agus ar rioscaí atá ag athrú ar Chlár na Rioscaí dhá uair in aghaidh na bliana ag an Údarás.

Seo a leanas na hard-rioscaí ar chlár rioscaí an Údaráis ag deireadh 2017:

Tábla 1 – Ard-rioscaí agus Gníomhaíochtaí Maolaithe ó Chlár na Rioscaí

Sainmhíniú den Riosca	Gníomhaíocht Mhaolaithe
Tuiscint neamhleor tomhaltais chlúdaigh árachais sláinte, rud a ghineann iarmhairt shuntasach dhiúltach do thomhaltóirí	- Feidhm fhaisnéise tomhaltais an Údaráis, plan cumarsáide agus obair fógraíocht ar tugadh fúithi - Comhairle a thabhairt don Aire faoi cheisteanna margaidh agus faoi cheisteanna reachtaíochta - Tá gach árachóir chun cloí le Cód Cosanta Tomhaltais Bhanc Ceannais na hÉireann
Riosca ceiste teipe le suíomh gréasáin an ÚÁS	- Nuashonruithe bogearraí agus slándála - Nósanna imeachta cuí nuashonraithe, seirbhísithe agus slándála - Tástáil thréimhsiúil slándála suíomh ghréasáin - Conradh seirbhíse le forbróirí inniúla suímh ghréasáin
Riosca teipe i slándáil na gcóras TF	- Nuashonruithe bogearraí agus slándála - Úsáid earraí turscair, bhogearraí frithviris agus bhallaí dóiteáin - Tá rochtain ar chórais TF teoranta go fisiciúil, le logáil isteach sábháilte agus pasfhocalchosanta - Nósanna imeachta cuí slándála TF - Iniúchadh tréimhsiúil córas TF ag saineolaithe seachtracha - Conradh seirbhíse le gníomhairí inniúla seirbhíse TF
Riosca go gcuirfidh srianta acmhainne/ama isteach ar na obair	- Tarmligean oibre chuig comhairleoirí - Athchur in ord tosaíochta oibre - Roinnt inmheánach oibre - Caveat a chur le hobair nuair is cuí sin - Próiseas do shreabhadh oibre anáis - Cúlchistí suntasacha airgeadais a chothabháil - Úsáid acmhainní seachtracha más cuí - Athbhreithniú inmheánach - Athbhreithniú seachtrach, lena n-áirítear athbhreithniú dlí ar phróisis a bhaineann le socruithe a d’fhéadfadh a bheith conspóideach

Riosca reachtaíochta nó easpa reachtaíochta cuí a bhfuil de thoradh air iarmhairtí diúltacha neamhbheartaithe	- Déantar reachtaíocht a dhréachtú ag daoine atá cáilithe go cuí in Oifig an Ard-Aighne - Comhairle leanúnach faoi reachtaíocht ag an Údarás agus moladh nuair is cuí sin
Deighilt mhéadaithe riosca idir agus laistigh d'árachóirí, a bhfuil de thoradh air baint bhonn an 'phríomhchuspóra'.	- An Scéim um Chomhionannú Riosca - Feidhm fhaisnéise tomhaltais, plean cumarsáide agus obair fhógraíochta - Forálacha reachtúla chun cloí leis na hAchtanna um Árachas Sláinte - Tuairiscí leathbhliantúla chuig an Roinn Sláinte faoi mheasúnú agus faoi anailís na dtuairisceán faisnéise - Comhairle faoi nuashonrú na Rialachán Sochar Íosta - Leanúint de bheith ag tabhairt comhairle faoi nuashonrú agus faoi fheabhsú an chórais um chomhionannú riosca - Monatóireacht a dhéanamh ar an difríocht sa mheánphréimh d'aoisghrúpaí éagsúla - Tá gach árachóir oscailte le cloí le Cód Cleachtais Tomhaltais Bhanc Ceannais na hÉireann - Tacú leis an Roinn Sláinte ina cuid oibre maidir le tabhairt isteach bheart feabhsaithe stádaí sláinte (DRG's)
Riosca mórneamhchomhlíonta le reachtaíocht árachais sláinte ag árachóirí neamhchláraithe nó eintiteas gaolmhar	- Feidhm údaráis chun monatóireacht a dhéanamh ar an margadh agus ar an bhfaisnéis a cuireadh ar fáil - Cumhachtaí forfheidhmithe don Údarás - Leasuithe beartaithe reachtaíochta chuig an Roinn Sláinte nuair is cuí sin
Riosca oibríochtúil ag eascairt as méid an Údaráis	- Pleanáil chuí chomharbais eagraíochtúil - Nósanna imeachta cuí íocaíochta, lena n-áirítear dóthain foirne chun íocaíochtaí a dhéanamh nuair a bhíonn gá leis

Teangacha Oifigiúla

Tá an tÚdarás comhlíontach maidir leis an Reachtaíocht a bhaineann leis na Teangacha Oifigiúla agus fanann sé i dteagmháil leis an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta i dtaca leis sin.

Dhréachtaigh an tÚdarás a chéad Scéim Ghaeilge faoi Roinn 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Déanann Roinn 11 soláthar don ullmhúchán ag comhlachtaí poiblí scéime reachtúla a thugann sonraí faoi na seirbhísí sin a chuirfidh siad ar fáil.

- trí mheán na Gaeilge;
- trí mheán an Bhéarla; agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla.

Forbraíodh an Scéim ag an Údarás, ag cur san áireamh na Treoirínte sin a ullmhaíodh faoi Roinn 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Deimhníodh chéad Scéim Theanga an Údaráis Árachas Sláinte 2017 – 2020 ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta agus tá feidhm leis ó bhí 9 Deireadh Fómhair 2017 ann. Leagann an Scéim amach na bearta a bhfuiltear le glacadh leo le cinntiú go soláthrófar raon de roinnt seirbhísí, nach bhfuiltear á soláthar trí mheán na Gaeilge, laistigh den chreat ama comhaontaithe. Tá an Scéim ar fáil ar shuíomh gréasáin an Údaráis ag www.hia.ie.

Saoráil Faisnéise agus Ceisteanna Parlaiminte

Leanann an tÚdarás air de bheith ag comhlíonadh a chuid dualgas maidir le freagra a thabhairt ar iarratais Saorála Faisnéise agus ar cheisteanna parlaiminte. Bhain an tÚdarás le réim an Achta um Shaoráil Faisnéise le rith Rialacháin (Comhlachtaí Forordaithe) 2006, mar chuid den Acht um Shaoráil Faisnéise 1997, le feidhm ó 31 Bealtaine 2006. Fanann an tÚdarás laistigh de réim na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise tar éis achtú an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014.

Chomh maith le hiarratais a phróiseáil a dhéantar faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014 nuair a fhaightear iad, d'fhoilsigh an tÚdarás dhá leabhrán, "A Guide to the Functions of and Records Held by the Authority" agus "A Guide to the Rules, Procedures, and Practices of the Authority"; le chéile treoraíonn an dá leabhrán seo iarratasóirí agus iad i mbun an phróisis Saorála Faisnéise.

Tiomsaítear na treoirleabhráin de réir na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise agus foilsítear iad ar shuíomh gréasáin an Údaráis. Síníodh Acht nua um Shaoráil Faisnéise 2014 ina dhlí ar 14 Deireadh Fómhair 2014 agus chuir an tAcht i bhfeidhm athruithe suntasacha i dtaca le feidhmiú iarratas Saorála Faisnéise. Nuashonraigh an tÚdarás a chuid polasaithe agus a chuid nósanna oibre i gcomhréir leis an reachtaíocht nua.

Agus é ag cloí le Roinn 8 den Acht um Shaoráil Faisnéise 2014, d'ullmhaigh agus d'fhoilsigh an tÚdarás Scéim Fhoilsithe a chuireann san áireamh prionsabail na hoscailteachta, na trédhearcachta agus na cuntasachta. Ceadáíonn an Scéim Fhoilsithe foilsíú nó tabhairt taifead ar bhealach oscailte agus inrochtana ar bhonn gnáthrialta lasmuigh den tSaoráil Faisnéise, a fhad is nach bhfuil cosc ar a leithéid d'fhoilsíú nó bronnadh rochtana ag an dlí. Cuireann an Scéim ceangal ar an Údarás faisnéis a chur ar fáil mar chuid dá cuid gnáthghníomhaíochtaí gnó i gcomhréir leis an Scéim.

Fuair an tÚdarás 3 iarratas ar Shaoráil Faisnéise le linn 2017 agus sholáthair sé faisnéis maidir le 19 gceist pharlaiminte.

Straitéis Chumarsáide

Feidhmíonn an tÚdarás polasaí oscailteachta, comhairliúcháin agus pléite le páirtithe leasmhara ábhartha. Cuireann an tÚdarás fáilte roimh chumarsáid le tomhaltóirí agus le páirtithe leasmhara maidir le soláthar seirbhíse rialála agus maidir le feidhmíocht a chuid feidhmeanna.

D'fhorbair an tÚdarás Plean Cumarsáide do 2017 i gcomhairle lena chuid soláthróirí seirbhíse cumarsáide chun cabhrú leis an Údarás chun a Straitéis Chorporáideach a chur i bhfeidhm agus chun a chuid Spriocanna Corparáideacha agus a chuid Cuspóirí Straitéiseacha a bhaint amach le clár tomhaiste agus éifeachtach gníomhaíochtaí cumarsáide.

Le linn 2017, thug an tÚdarás faoi roinnt feachtas cumarsáide, ag baint úsáide as idir ghníomhaíochtaí dírithe caidrimh phoiblí agus fógraíocht chun bonn eolais a chur faoi thuiscint an phobail, agus chun an tuiscint sin a neartú, i dtaca le margadh árachais phríobhaidigh sláinte na rátála pobail, agus i dtaca le hathruithe i bhfeidhmiú an mhargaidh seo.

Chuimsigh na príomhghníomhaíochtaí cumarsáide na rudaí seo a leanas:

- Foilsíú Thuarascáil Bhliantúil an Údaráis;
- Foilsíú Nuachtlitreacha Ráithiúla an Údaráis;
- Freagra a thabhairt ar cheisteanna ó na meáin chumarsáide faoi raon nithe a bhaineann le hárachas príobháideach sláinte (ÁPS), lena n-áirítear
 - ◆ Muirir d'othair a bhfuil clúdach ÁPS acu in ospidéal phoiblí
 - ◆ Ag athrú soláthróirí clúdaigh
 - ◆ Gníomhaíochtaí frithchaimiléireachta i réimse an ÁPS
- Físeán míniúcháin faoin rátáil phobail agus feachtas gaolmhar fógraíochta;
- Athbhreithniú ar shuíomh gréasáin www.hia.ie le haghaidh feidhmiúlachta agus le haghaidh taithí níos fearr an chustaiméara;
- Feachtas Fógraíochta Athnuachana Polasaí; agus
- Cumarsáid leanúnach le tomhaltóirí trí na cainéil mheán sóisialta.

Tomhaltas Fuinnimh

Socraíodh sprioc don earnáil phoiblí ag an Rialtas coigilteas éifeachtachta fuinnimh de 33% a dhéanamh faoi 2020; is ionann sin agus 3,240 GWh. Is é atá i gceist leis sin ná 10% den choigilteas fuinnimh atá riachtanach faoi 2020 don gheilleagar ar fad (leagadh síos sprioc náisiúnta de choigilteas de 20% don gheilleagar san iomlán). Leis an gcoigilteas dírithe a bhaint amach forbraíodh an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh (PGNÉF); in éineacht le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009, thug sé sainordú do na dualgais agus do na spriocanna seo a leanas;

- Cuirfidh gach comhlacht árachais sláinte, ó 1 Eanáir 2011 ar aghaidh, san áireamh i dtuarascálacha bliantúla, ráiteas a chuireann síos ar na gníomhartha atá á ndéanamh acu chun feabhas a chur ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh chomh maith le measúnú ar a dhul chun cinn i dtreo na sprice 33%.
- Cuirfear clár éifeachtúlachta fuinnimh i bhfeidhm do Ranna Rialtais, Gníomhaireachtaí Stáit, Údaráis Áitiúla, an tSeirbhís Sláinte agus gach réimse eile den earnáil phoiblí;
- Cleachtais atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de a chur i bhfeidhm; agus
- Ní mór do gach foirgneamh earnála poiblí thar 1,000m² Teastas Taispeántais Fuinnimh a bheith ar taispeántaí acu chun a n-úsáid iarbhir fhuinnimh a léiriú chomh maith le Rátáil Fuinnimh an Fhoirgnimh.


Tá oifig amháin ag an Údarás atá lonnaithe i dTeach na Canálach. Tá na hoifigí suite ar urlár amháin d'fhoirgneamh oifige iláitithe atá i seilbh lontaobhaithe Scéim Phinsin na nOibrithe Tógála Teoranta. Ní sháraíonn an limistéar urláir 1,000m², agus is os cionn an limistéir sin atá Teastas Taispeántais Fuinnimh riachtanach.

Tugann an tÚdarás tuairisc faoina fheidhmíocht fuinnimh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann faoi IR Uimh. 542/2009 – Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éifeachtúlacht Deiridh Fuinnimh agus Seirbhísí Fuinnimh) 2009. Tá an tuarascáil faoin tomhaltas fuinnimh bunaithe ar sciar fhoireann an Údaráis atá laistigh den fhoirgneamh ar fad. Glacadh leis an gcur chuige seo ós rud é go raibh roinnt urlár laistigh den fhoirgneamh neamháitithe le linn na tréimhse tuairisceoireachta.

I 2017, chaith an tÚdarás 44.9 kWh fuinnimh, a raibh i gceist ann:

- 29.9kWh (2016: 30.6kWh) leictreachais; agus
- 13.8kWh (2016: 14.3kWh) breoslaí iontaise (téamh).

Taispeánann an graf seo a leanas an fheidhmíocht fuinnimh stairiúil don Údarás, ag tosú ag an mbliain bhonnlíne, 2009, suas go 2017.



Gníomhaíochtaí Cláir Éifeachtúlachta Fuinnimh ar Tugadh fóthu i 2017

- Téamh bainistithe i gcomhréir le coinníollacha iarbhíre aimsire;
- Trealamh atá níos éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de curtha in áit trealamh Theicneolaíochta Faisnéise agus trealamh eile nuair a bhíonn athsholáthar riachtanach;
- Úsáid mhéadaithe chomhfhreagrais dhigitigh nuair a bhíonn sin indéanta; agus
- Cur chun cinn leanúnach úsáide freagraí fuinnimh laistigh den eagraíocht.

Gníomhaíochtaí Cláir Éifeachtúlachta Fuinnimh atá Beartaithe do 2018

- Soláthar gléasanna ilfheidhmiúla atá éifeachtach ó thaobh fuinnimh de agus trealamh á athsholáthar;
- Leanúint ar aghaidh de bheith ag obair le hlontaobhaithe Scéim Phinsin na nOibrithe Tógála Teoranta agus a gcuid gníomhairí chun bearta laghdaithe úsáide fuinnimh a thabhairt isteach nuair a bhíonn sin indéanta;
- Cur chun cinn úsáide méadaithe comhfhreagrais dhigitigh; agus
- Cur chun cinn leanúnach laistigh den eagraíocht úsáide freagraí fuinnimh.

Tá coigilteas bainte amach ag an Údarás go dtí seo de 9.1% os cionn an mheánfhigiúir, rud a fhágann go bhfuil sé san ochtú peircintíl de gach comhlacht poiblí a thug tuairisc agus tá sé de réir sprice maidir leis an sprioc seo a bhaint amach, coigilteas éifeachtúlachta fuinnimh de 33% a dhéanamh faoi 2020.

4.3 Acmhainní

Foireann

Fostaíonn an tÚdarás 11 ball foirne.

Maoiniú

Maoinítear oibríochtaí an Údaráis ag tobhach ar fhiontair chláráithe de réir Roinn 17 den Acht um Árachas Sláinte, 1994. Socraíonn Rialacháin Tobhaigh 2010⁴ an ráta atá le híoc ag fiontair chláráithe ag 0.12% d'ioncam préimhe na bhfiontar cláráithe. Rinne Rialacháin Tobhaigh na hIonstraime Reachtúla 528/2014, An tAcht um Árachas Sláinte 1994 (Roinn 17) 2014 tuilleadh leasaithe ar an tobhach ioncaim, ag socrú an ráta ag 0.01% do 2015 agus 2016 agus ag 0.09% ó 2017. Tá an tobhach inioctha don Údarás ar bhonn ráithiúil. Tá ceangal ar fhiontair chláráithe freisin sonraí a chur isteach faoi líon na n-árachaithe agus faoin ioncam préimhe. Déantar achoimriú ar na staitisticí seo in Aguisín A. Leagtar amach Clár na bhFiontar Sochar Sláinte amhail ag 31 Nollaig 2017 in Aguisín D.

⁴ Rialacháin Tobhaigh (Leasú), an tAcht um Árachas Sláinte, 1994 (Roinn 17), 2010 (I.R. Uimh. 539 ó 2010).

5 Tuarascáil agus Cuntais 2017

5.1 Tuarascáil an Údaráis Árachas Sláinte agus Ráitis Airgeadais don bhliain 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2017

Don Aire Sláinte

I gcomhréir le téarmaí Roinn 32(2) den Acht um Árachas Sláinte, 1994, cuireann an tÚdarás Árachas Sláinte a Thuarascáil agus a chuid Cuntas i láthair don tréimhse dhá mhí déag dar deireadh 31 Nollaig 2017.

An tÚdarás Árachas Sláinte

(“an tÚdarás”)

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

Ábhar

Leathanach

Faisnéis faoin Údarás	29
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Údaráis	30
Ráiteas faoi Rialú Inmheánach	34
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas & Ciste	36
Ráitis Airgeadais	39 - 49

An tÚdarás Árachas Sláinte

Faisnéis faoin Údarás

Baill an Údaráis

Sheelagh Malin (Cathaoirleach)
Sean Coyle
Dr Fiona Kiernan
James A. McNamara
Ian Britchfield

PF/Cláraitheoir

Don Gallagher

Rúnaí

Eamonn Horgan

Baincéirí

AIB cpt.
40/41 Sráid Westmoreland
Baile Átha Cliath 2

Permanent TSB
56/59 Faiche Stiabhna
Baile Átha Cliath 2

RaboDirect
Teach Dhuga Sheoirse
2 Duga Sheoirse
LSAÉ
Baile Átha Cliath 1
DO1HT26

Iniúcháirí

An tArd-Reachtair Cuntas & Ciste
3A Sráid an Mhéara Uachtarach
Baile Átha Cliath 1
DO1PF72

Oifigí

Teach na Canálach
Bóthar na Canálach
Baile Átha Cliath 6

An tÚdarás Árachas Sláinte

Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Bhaill an Údaráis

Rialachas


Bunaíodh an tÚdarás ag Ordú ón Aire ar 1 Feabhra 2001, faoin Acht um Árachas Sláinte, 1994 faoi mar a leasaíodh é (na "hAchtanna um Árachas Sláinte"). Bunaíonn Sceideal 1 de na hAchtanna um Árachas Sláinte an tÚdarás mar chomhlacht corparáideach chomh maith leis na socruithe do cheapadh an Chathaoirligh agus Bhaill an Údaráis. Cúigear ball atá ag an Údarás a cheaptar ag an Aire, agus ceaptar duine acu siúd mar Chathaoirleach.

Tá Rialacha Gnó (Téarmaí Tagartha) curtha i bhfeidhm ag an Údarás a leagann amach na socruithe do bhallraíocht an Údaráis, do ghairm agus do chur i gcrích chruinnithe, ról Rúnaí an Údaráis, agus dualgaí agus freagrachtaí tuairisceoireachta an Údaráis. Nuashonraíodh na Rialacha go luath i 2017 de réir an Chóid athbhreithnithe Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2016 (an "Cód") de réir mar atá sin foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i Mí Lúnasa 2016.

Baineann na socruithe seo le feidhm freisin i dtaca leis an gCiste um Chomhionannas Riosca, a bhfuil an tÚdarás freagrach as faoin Acht.

Struchtúr Eagraíochtúil

Struchtúr Eagraíochtúil an ÚÁS - Mí na Nollag 2017



Leagtar amach feidhmeanna an Údaráis i roinn 21 (1) de na hAchtanna um Árachas Sláinte. Tuairiscíonn an tÚdarás, maidir lena chuid socruithe rialachais, don Aire Sláinte agus tá sé freagrach as cinntiú dea-rialachais; cuireann sé an tasc seo i bhfeidhm trí shocrú cuspóirí agus spriocanna straitéiseacha agus trí shocruithe straitéiseacha a dhéanamh faoi gach príomhcheist ghnó. Is iad an Príomhfheidhmeannach/Cláraitheoir (PF/C) agus an fhoireann shinsearach bhainistíochta atá freagrach as bainistiú, rialú agus treoir rialta laethúil an Údaráis Árachas Sláinte. Ní mór don PF/C agus don fhoireann shinsearach bhainistíochta an treoir leathan straitéiseach a leanúint a shocraítear ag an Údarás, agus ní mór dó cinntiú go dtuigeann gach Ball go soiléir na príomhghníomhaíochtaí agus na príomhshocruithe a bhaineann leis an eintiteas, agus aon rioscaí suntasacha ar dócha go n-eascródh siad. Gníomhaíonn an PF/C mar idirghabháil dhíreach idir an tÚdarás agus an lucht bainistíochta.

Freagrachtaí an Údaráis

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Údaráis i dTearmaí Tagartha an Údaráis, a bhfuil le fáil iontu freisin na nithe sin a bhfágтар go sonrach don Údarás cinneadh a dhéanamh fúthu. I measc na buanmhíreanna a ndéanann an tÚdarás breithniú fúthu tá:

- dearbhú maidir le leasanna;
- tuairiscí ó choistí;
- tuarascálacha airgeadais/cuntais bhainistíochta;
- tuarascálacha feidhmíochta; agus
- ábhair fhorchoimeáda.

Cuireann Roinn (2) de na hAchtanna um Árachas Sláinte iachall ar Bhaill an Údaráis coimeád, i bhfoirm a ndéanfaí í a fhaomhadh ag an Aire Sláinte le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, gach cuntas ceart agus gach gnáthchuntas airgid a fhaightear agus a chaitear aige. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, tá ceangal ar an Údarás:

- polasaithe oiriúnacha cuntasáíochta a roghnú agus iad a chur i gcrích go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh murar cuí glacadh leis go leanfaidh sé air de bheith ag feidhmiú; agus
- dearbhú más rud é gur cloíodh le caighdeáin infheidhmithe chuntasáíochta, faoi réir ag aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an tÚdarás freagrach as coimeád taifead cuntasáíochta sásúil a nochtann, le cruinneas réasúnta ag aon am, a shuíomh airgeadais, agus a chuireann ar a chumas cinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Roinn 32(2) de na hAchtanna um Árachas Sláinte. Is é an tÚdarás atá freagrach as cothabháil agus as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais ar shuíomh gréasáin an ÚÁS.

Is é an tÚdarás atá freagrach as faomhadh an phlean bhliantúil agus an bhuiséid bhliantúil. Cuireadh i gcrích measúnú fheidhmíocht na heagraíochta trí thagairt a dhéanamh don phlean bliantúil agus don bhuiséad bliantúil ag an Údarás ar 23 Feabhra 2018.

Tá an tÚdarás freagrach freisin as cumhdach a chuid sócmhainní agus, mar sin de, as glacadh le bearta réasúnta do chosc agus d'aimsíú caimiléireachta agus mírialtachtaí eile.

Tá an tÚdarás Árachas Sláinte freagrach as bunú, riar agus cothabháil an Chiste um Chomhionannú Riosca. Tá Baill an Údaráis freagrach freisin as táirgeadh agus as faomhadh ráiteas airgeadais don Chiste.

Is é breithniú an Údaráis go dtugann ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte agus an Chiste um Chomhionannú Riosca araon léargais fhíora agus chothroma d'fheidhmíocht airgeadais agus de staid airgeadais an dá eintiteas ag 31 Nollaig 2017.

Struchtúr an Údaráis

Is é atá san Údarás ná Cathaoirleach agus ceathrar gnáthbhall, ar ceapadh iad ar fad ag an Aire Sláinte. Ceapadh Baill an Údaráis do thréimhsí de idir 3 agus 5 bliana agus casann siad ar a chéile ar bhonn míosúil. Tugann an tábla thíos sonraí faoin tréimhse cheapacháin do Bhaill reatha:

Ball Údaráis	Ról	Dáta Ceaptha
Sheelagh Malin (Cathaoirleach)	Cathaoirleach	6 Bealtaine 2010
		Athcheaptha 1 Feabhra 2016
Sean Coyle	Gnáthbhall	1 February 2016
An Dr. Fiona Kiernan	Gnáthbhall	1 February 2016
James A. McNamara	Gnáthbhall	1 February 2016
Ian Britchfield	Gnáthbhall	20 June 2016

Thug an tÚdarás faoi féinmheasúnú bliantúil, agus é ag déanamh measúnaithe ar a fheidhmíocht féin maidir le 2017 i Mí Aibreáin 2018.

Tá coiste amháin bunaithe ag an Údarás, mar seo a leanas:

Coiste Iniúchta agus Riosca:

Cuimsíonn an coiste seo 3 Ball Údaráis. Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca (CIR) ná tacú leis an Údarás maidir lena chuid freagrachtaí do cheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus gealltanais ghaolmhair. Tá an CIR neamhspleách ar bhainistiú airgeadais na heagraíochta. Cinntíonn an CIR go háirithe go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, gníomhaíochtaí iniúchta san áireamh. Tugann an CIR tuairisc don Údarás tar éis gach cruinnithe, agus go foirmeálta i scríbhinn go bliantúil.

Is iad Baill an CIR ná: Sean Coyle (Cathaoirleach), Ian Britchfield agus Sheelagh Malin. Tionóladh 4 chruinniú den CIR i 2017.

Sceideal Freastail, Táillí agus Speansais

Leagtar amach sceideal freastail ag cruinnithe an Údaráis agus an CIR do 2017 thíos, na táillí agus na speansais a fhaightear ag gach Ball san áireamh:

	Údarás	Coiste Iniúchta & Riosca	Táillí 2017 €	Speansais 2017 €
Líon na gCruinnithe	12	4		
Sheelagh Malin	12	3	8,978	0
Sean Coyle	10	4	5,985	0
An Dr. Fiona Kiernan	12		0	0
James A. McNamara	11		0	4,386
Ian Britchfield	12	4	5,985	408
			20,948	4,794

Ní bhfuair 2 Bhall den Údarás, an Dr. Fiona Kiernan agus James A. McNamara, táille faoin bprionsabal 'Duine Amháin Tuarastal Amháin' (DATA)

Príomhathruithe Pearsanra

Chuaigh ballraíocht an CIR i méid le linn na bliana mar gheall ar a chuid feidhmeanna athraithe ó iniúchadh go hiniúchadh agus riosca de réir riachtanais an Chóid.

I Mí Feabhra 2017 ceapadh Sheelagh Malin ag an Údarás mar Bhall den CIR.

Nochtadh a Éilíonn an Cód Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit (2016)

Tá an tÚdarás freagrach as cinntiú gur chomhlíon an tÚdarás Árachas Sláinte riachtanais an Chóid. Éilítear an nochtadh seo a leanas ag an gCód:

Costais Chomhairliúcháin

Níor tabhaíodh aon chostais chomhairliúcháin seachas na costais 'gnó mar is gnách' atá san áireamh i Nóta 5.

Costais Dlí agus Socruithe Dlí

Ní hann d'aon chostais dlí atá le nochtadh a bhaineann le himeachtaí dlí ná le socruithe dlí.

Caitheachas Taistil agus Cothaithe

Tá caitheachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:

		2017 €	2016 €
Intíre			
	Fostaithe an Údaráis	4,794	3,651
		1,181	1,473
Idirnáisiúnta			
	Fostaithe an Údaráis	0	0
		0	0
Iomlán		5,975	5,124

Caitheachas Fáilteachais

Airítear an caitheachas fáilteachais seo a leanas ar an gCuntas loncaim agus Caitheachais:

		2017 €	2016 €
	Fáilteachas Foirne agus Údaráis	821	1,202
	Fáilteachas client	821	1,275
Iomlán		1,642	2,477

Ráiteas maidir le Comhlíonadh

Rinne an tÚdarás Árachais Sláinte ceanglais an Chóid a chomhlíonadh go hábhartha, ach amháin sna cásanna seo a leanas:

D'aontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte a chomhlíonadh a mhodhnú maidir le mír 8.48 den Chód i ndáil le díospóidí dlíthiúla i gcás go bhfuil sé sonraithe "i gcás go mbaineann díospóid dhlíthiúil le comhlacht Stáit eile, mura gceanglaítear a mhalaire le reacht, ní mór gach iarracht a dhéanamh idirghabháil, éadranú nó réiteach ar shlí eile a dhéanamh sular dtabhaítear costais dhlíthiúla chostasacha. Ní mór do na comhlachtaí Stáit féachaint leis an gcúrsa gnímh is cost-éifeachtúla i ndáil le díospóidí dlíthiúla." Cháiligh an tÚdarás an ceanglas trí "(seachas gnóthas cláraithe)" a chur isteach i ndiaidh "comhlacht Stáit". Léiríonn sé sin go gceanglaítear in Alt 33B de na hAchtanna um Árachas Sláinte "go bhfeidhmeoidh an tÚdarás na feidhmeanna atá tugtha dó leo nó faoin Acht seo ar mhodh a mbeidh mar thoradh air go gcaithfear le ghnóthais chláráithe mar an gcéanna i gcúinsí comhchosúla."

D'aontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte a chomhlíonadh a mhodhnú maidir le hAguisín C, de Chreat Chód Iompair an Chóid, ina moltaí gur cheart aghaidh a thabhairt i gCód Iompair an Údaráis ar an gceist dílseachta trí aithint "go bhfuil an fhreagracht dílis don chomhlacht Stáit agus tiomanta go hiomlán dá ghníomhaíochtaí gnó ar fad agus a bheith ar an eolas ag an am céanna nach mór don eagraíocht í féin leasanna an scairshealbhóra a chur san áireamh i gcónaí." Sonraítear san alt comhfhreagrach i gCód Iompair an Údaráis "...ní mór don eagraíocht ceanglais a reachtaíochta rialaithe", seachas "leasanna an scairshealbhóra" a chur san áireamh i gcónaí.


D'aontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte léirmhíniú Alt 3.3 den Chód ina sonraítear "má fhaigheann Comhlacht Boird/Stiúrthóir fianaise go bhfuil neamhchomhlíonadh ann maidir le hoibleagáidí reachtúla ar bith a bhaineann leis an gcomhlacht Stáit, ba cheart dó/di é sin a chur ar aird a gcomh-chomhaltaí Boird/Stiúrthóirí láithreach chun an cheist a cheartú. Ba cheart do Chathaoirleach an cheist a chur ar aird an Aire ábhartha chomh maith ag léiriú (i) iarmhairtí neamhchomhlíonta dá leithéid agus (ii) na bearta a rinneadh nó ar dócha go ndéanfar iad chun an staid a cheartú. Tá sé de fhreagracht ar an gCathaoirleach ceisteanna dá leithéid a chur in iúl don Aire." Léiríonn an tÚdarás an ceanglas sin mar a bheith bainteach le neamhchomhlíonadh ábhartha ar bith.

D'aontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte gan sonraí comhiomlánaithe an chúitimh a léirmhíniú mar a cheanglaítear faoi Alt 1.4 (vi) de dhoiciméad an Cheanglais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais a ghabhann leis an gCód. Ní nochtann an tÚdarás sonraí ar bith maidir le cúiteamh a fhóstaíthe i ngeall ar mhéid beag na heagraíochta agus ar an gcosúlacht go n-aithneofaí cúiteamh an duine aonair.

D'aontaigh an tÚdarás leis an Roinn Sláinte gan sonraí maidir le costais tuarastal agus pinsin na bhfóstaíthe thar €60,000 i mbandaí €10,000 a nochtadh mar a cheanglaítear faoi Alt 1.4 (viii) de dhoiciméad an Cheanglais um Thuairisciú Gnó agus Airgeadais a ghabhann leis an gCód. Ní nochtann an tÚdarás sonraí ar bith maidir le costais tuarastal agus pinsin na bhfóstaíthe i ngeall ar mhéid beag na heagraíochta agus ar an gcosúlacht go n-aithneofaí cúiteamh an duine aonair.



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Ball

8th Meitheamh, 2018

Dáta

An tÚdarás Árachais Sláinte

Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach

Raon Feidhme na Freagrachta

Thar ceann an Údaráis Árachais Sláinte (“an tÚdarás”), admhaím freagracht an Údaráis as a chinntiú go ndéantar córas éifeachtúil rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú i ndáil leis an Údarás agus leis an gCiste um Chothromú Fiontar. Cuireann an fhreagracht san áireamh ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Cuspóir an Chórais um Rialú Inmheánach

Tá Córas um Rialú Inmheánach ceaptha chun riosca ar leibhéal réasúnta a bhainistiú seachas é a dhíothú. Dá bhrí sin, ní féidir leis an gcóras ach deimhniú réasúnta seachas deimhniú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcaomhnú, idirbhearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go bhfuil earraí nó mírialtachtaí á gcosc nó á mbrath i dtréimhse thráthúil.

Tá an Córas um Rialú Inmheánach, a thagann leis an treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm san Údarás don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017 agus suas go dtí dáta nuashonrú fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

Cumas Riosca a Láimhseáil

Tá Coiste Iniúcháireachta agus Riosca (“CIR”) ag an Údarás ina bhfuil triúr Bhall de chuid an Údaráis ag a bhfuil saineolas airgeadais agus iniúcháireachta, agus tá duine díobh ina Chathaoirleach. Tháinig an CIR le chéile ceithre huaire in 2017.

Fostaíonn an tÚdarás Iniúcháir Inmheánach neamhspleách a oibríonn de réir na Cairte Iniúcháireachta Inmheánaí faofa agus tugann sé tuairiscí don CIR. Déanann an CIR Plean Iniúcháireachta Inmheánaí a fhaomhadh agus a athbhreithniú ar bhonn bliantúil. Forbraítear an Plean Iniúcháireachta Inmheánaí ag baint úsáid as cur chuige bunaithe ar riosca.

Leagan an tÚdarás fonn riosca na heagraíochta amach agus tá sé leagtha amach sa Ráiteas um Fhonn Riosca atá cuimsithe ina dhoiciméad Straitéise. D’fhorbair an CIR Beartas um Bainistíocht Riosca ina leagtar amach na Próisín um Bainistíocht Riosca atá i bhfeidhm agus ina sonraí ról agus freagrachtaí na foirne maidir leis an riosca. Eisíodh an beartas chuig na baill foirne ar fad a bhfuiltear ag súil leo bheith ag obair ar Bheartais Bainistíochta Riosca an Údaráis, chun rabhadh a thabhairt don lucht Bainistíochta maidir le rioscaí atá ag teacht chun cinn agus rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

Creat um Riosca agus Rialú

Chuir an tÚdarás Córas Bainistíochta Riosca i bhfeidhm trína sainaitheann agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus gníomhaíochtaí an lucht bainistíochta nach mór a dhéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú.

Tá bainistíocht riosca ina buanábhar ar chlár oibre an CIR agus an Údaráis araon. Tá Clár Rioscaí i bhfeidhm trína sainaitheann na príomhrioscaí atá le sárú ag an Údarás agus rinneadh iad sin a shainaithint, a mheasúnú agus a ghrádú de réir a suntasachta. Déanann an tÚdarás, ar bhonn bliantúil, athbhreithniú ar na rioscaí ar fad a shainaithnítear ar an gClár Rioscaí agus an plean bainistíochta maidir leis na rioscaí a sainaitheann a mhaolú. Cuirtear na rioscaí a shainaithnítear le linn na bliana leis an gClár Rioscaí ar bhonn leanúnach. Lena chois sin, déanann an tÚdarás athbhreithniú dhá uair eile ar na rioscaí ard-rangaithe agus na rioscaí a athraíonn ar an gClár le linn na bliana. Baintear úsáid as toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar na rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha.

Sa Chlár Rioscaí mionsonraítear na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun na rioscaí a mhaolú agus an fhreagracht as oibriú na rialuithe a sanntar chuig baill foirne faoi leith. Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di:

- taifeadadh nósanna imeachta le haghaidh na bpríomhphróiseas gnó,
- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta agus cuntasachta dá réir i gceist,
- tá córas buiséadaithe cuí ann mar aon le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí agus an tÚdarás athbhreithniú air,

- tá córais ann ina ndírítear ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus teicneolaíochta a chinntiú agus
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an Údaráis a chosaint.

Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Údarás, más ábhartha, in am agus i dtráth. Deimhním go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnaí a leanas i bhfeidhm:

- sainaitníodh príomhrioscaí agus rialuithe lena mbaineann agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus easnaimh ar bith a shainaithnítear a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus
- déanann an lucht bainistíochta sinsearaí agus an tÚdarás athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais os coinne buiséad/réamh-mheastachán.

Soláthar

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Údarás chun comhlíonadh na rialacha agus treoirlínte reatha nós imeachta agus a chinntiú gur chomhlíon an tÚdarás na nósanna imeachta sin in 2017.

Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Údarás chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a Nósanna Imeachta um Bainistíocht agus Rialú Riosca. Maidir le monatóireacht agus athbhreithniú an Údaráis ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, cuirtear bonn eolais faoi le hobair na nIníúcháirí Inmheánacha agus Seachtracha, an Choiste Iniúcháireachta a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den Údarás a bhfuil sé de fhreagracht orthu an creat rialaithe airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

Deimhním go ndearna Comhaltaí an Údaráis athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha do 2017.

Ceisteanna um Rialú Inmheánach

Níor sainaithníodh laigí ar bith sa Rialú Inmheánach maidir le 2017.

Thar ceann Chomhaltaí an Údaráis;



Sheelagh Malin
Cathaoirleach

8th Meitheamh, 2018
Dáta

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

An tÚdarás Árachais Sláinte

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 32 den Acht um Árachas Sláinte 1994. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte amhail an 31 Nollaig 2017 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas le haghaidh 2017 de réir an Chaighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.


Bunús na tuairime

Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúcháireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúcháireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Árachais Sláinte agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin sin. Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúcháireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Árachais Sláinte faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais i láthair. Cuimsítear ann sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltáí an Údaráis agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugann tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.



John Crean

Thar ceann agus ar son
An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

15 Meitheamh 2018

Aguisín leis an Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis

Sa ráiteas um rialachas agus i dtuarascáil chomhaltaí an Údaráis leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 32 den Acht um Árachas Sláinte 1994.
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuiriscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 32 den Acht um Árachas Sláinte 1994 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Údaráis Árachais Sláinte agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuiriscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuiriscí ábhartha nuair atá sé ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna. D'fhéadfadh míthuiriscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaim sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuirisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúcháireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuirisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh clonpháirteachas, brionn, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasáíochta agus, ar bhonn na fianaise iniúcháireachta a fhaighim, agus maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena gcaithfí amhras suntasach ar chumas an Údaráis Árachais Sláinte leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtheadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtheadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo bheith ina gcúis leis an Údarás Árachais Sláinte scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtheadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht acu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasach an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithnínm le linn m-iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus, ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuiriscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuirisc ábhartha san fhaisnéis eile, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus lena n-oibriú. Tuairiscím má tá cúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaíonn uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- mura dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.


An tÚdarás Árachais Sláinte

An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	12 mhí an bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2017 €	12 mhí an bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2016 €
Ioncam	2	2,465,017	428,153
Costais riaracháin	3	(1,994,096)	(1,635,883)
Barrachas ioncaim thar chaiteachas/ (caiteachas thar ioncam)		470,921	(1,207,730)
Ús infhála		9,342	19,004
Barrachas/ (Easnamh) don bhliain		480,263	(1,188,726)
Cúlchistí ioncaim coimeádta ag tús na bliana		8,636,922	9,825,648
Cúlchistí ioncaim coimeádta ag deireadh na bliana		9,117,185	8,636,922



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Ball

8th Meitheamh, 2018
Dáta

Tá na nótaí 1 go 14 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.


An tÚdarás Árachais Sláinte

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Glansócmhainní			
Sócmhainní Inláimhsithe	6	20,573	51,994
Sócmhainní reatha			
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		10,528,183	10,467,549
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	7	1,063,941	334,473
		11,592,124	10,802,022
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	8	(2,495,512)	(2,217,094)
Glansócmhainní reatha		9,096,612	8,584,928
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		9,117,185	8,636,922
Glansócmhainní		9,117,185	8,636,922
Léirithe ag			
Cúlchistí ioncaim coimeádta		9,117,185	8,636,922
		9,117,185	8,636,922



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Ball

8th Meitheamh, 2018
Dáta

Tá na nótaí 1 go 14 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.


An tÚdarás Árachais Sláinte

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €	2016 €
Réiteach an bharrachais oibriúcháin leis an nglansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas/(easnamh) oibriúcháin don bhliain		480,263	(1,188,726)
Dímheas	6	34,730	41,422
(Méadú) ar fhéichiúnaithe	7	(729,421)	(70,255)
Méadú ar chreidiúnaithe	8	278,418	329,396
Glansreabhadh/(glan-eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		63,990	(888,163)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe Íocaíochtaí chun sócmhainní seasta inláimhsithe a fháil	6	(3,309)	(9,078)
		60,681	(897,241)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Ús a tuilleadh		(9,341)	(18,845)
Ús a fuarthas		9,294	40,529
Méadú/(laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		60,634	(875,557)
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		10,467,549	11,343,106
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig		10,528,183	10,467,549
Méadú/(laghdú) ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		60,634	(875,557)



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Ball

8th Meitheamh, 2018
Dáta

Tá na nótaí 1 go 14 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An tÚdarás Árachais Sláinte

Nótaí (ina gcuid de na ráitis airgeadais)

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais sin leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta ar fad a cuireadh i láthair mura sonraítear a mhalairt.

Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS 102"). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe na cuntasaíochta i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Tá ráitis airgeadais an Údaráis léirithe in Euro ("€"), arb é sin airgeadra feidhmiúil an Údaráis chomh maith.

Dar leis an Údarás, níl breithiúnais chriticiúla ar bith ann a bhfuil éifeacht shuntasach acu ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Ioncam ó Thobhaigh

Léiríonn an t-ioncam ó thobhaigh an méid is infhála ag an Údarás maidir leis an tréimhse. Cuirtear san áireamh leis iocaíochtaí a rinneadh leis an Údarás i gcomhréir leis an Acht um Árachas Sláinte 1994 arna leasú. Déantar réasúntacht an fhigiúir sin a sheiceáil i gcoinne an ioncaim a bhfuiltear ag súil leis ó thaobhaigh bunaithe ar phróifíl an Údaráis ar scéimeanna um árachas sláinte príobháideach.

Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe de réir mar a thabhaítear é.

Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe ag an gcostas lúide dímheas carntha. Déantar dímheas, a ghearrtar ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta, a ríomh chun costas na sócmhainní seasta thar a saolréanna fóna ionchais a dhíscríobh, de réir méid chothroim, ag an ráta bliantúil 331/3% le haghaidh trealamh ríomhaireachta agus 20% le haghaidh na sócmhainní eile ar fad ó dháta na fála.

Airgeadraí Coigríche

Déantar idirbhearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro le linn na bliana agus cuimsítear iad sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don tréimhse.

Déantar sócmhainní agus dlíteanais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro ag na rátaí malairte a bhíonn i réim ar dháta an tuairiscithe agus cuimsítear na gnóthachain agus na caillteanais mar thoradh air sin sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don tréimhse.

Ciste um Chothromú Fiontar

Bunaíodh an Ciste um Chothromú Fiontar (an Ciste) an 1 Eanáir 2013 faoin Acht um Árachas Sláinte (Arna Leasú) 2012. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a choimeád agus a riar agus as na costais a thabhaítear ón gCiste a fháil ar ais. Cuimsítear sa bhunús leis na costais a fháil ar ais cionroinnt iomlán na gcostas a bhaineann go díreach leis an gCiste agus cionroinnt pháirteach na gcostas a thabhaíonn an tÚdarás faoi mar atá leagtha amach i **Nóta 13** de na ráitis airgeadais. Ullmhaíonn an tÚdarás ráitis airgeadais ar leith don Chiste ar bhonn bliantúil.

Sochair Scoir

I gcomhréir le hAlt 28 den Acht um Árachas Sláinte, 1994, féadfaidh an tÚdarás, le toiliú ón Aire Sláinte agus ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim a dhéanamh chun sochair aoisliúntais a dheonú do gach ball foirne de chuid an Údaráis. Síníodh Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Údaráis Árachais Sláinte (IR 637 de 2016) an 21 Nollaig 2016 lena nglactar na rialacha atá leagtha amach sa Sceideal leis na Rialacha maidir le Rialacháin maidir le Baill Scéim Pinsean na Státseirbhíse Réamhbheitheacha 2014 (IR Uimh. 582 de 2014) mar Scéim

chun na sochair aoisliúntais a dheonú do na baill foirne nó i ndáil leis na baill foirne, lena n-áirítear Cláraitheoir an Údarás Árachais Sláinte, de réir mar is cuí. Tá na hasbhaintí is gá á ndéanamh ag an Údarás ó thuarastail a choimeádann an tÚdarás, ach ní aithnítear iad mar ioncam. Tá soláthar á dhéanamh ag an Údarás chomh maith le haghaidh ranníocaíochtaí fostóirí leis an Scéim. Tá plé á dhéanamh ag an Údarás Árachais Sláinte leis an Roinn Sláinte maidir le sásra maoinithe pinsin an Údarás Árachais Sláinte. Níl sé soiléir an dteastóidh go ndéanfaí an muirear pinsin a ríomhadh go hachtúireach nó an dliteanas pinsin a ríomhadh go hachtúireach agus an tsócmhainn pinsin i ndáil le scéim aoisliúntais an Údarás Árachais Sláinte a nochtadh sna ráitis airgeadais.

Mar thoradh air sin déileálfar leo sa bheartas cuntasíochta i ndáil le pinsin mar phlean ranníocaíochtaí i gcomhréir le halt 28.13 de FRS 102. Féach **Nóta 10** le haghaidh tuilleadh eolais.

Tá baill foirne lontrála Nua arna bhfostú ag an Údarás i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 ina mbaill sa Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Baineann an tÚdarás na hasbhaintí is gá ó na tuarastail don fhoireann atá páirteach sa scéim. Déantar ranníocaíochtaí fosaithe agus fostóirí a aistriú ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

2. Ioncam

Déantar foráil in Alt 17 den Acht um Árachas Sláinte, 1994 i leith íocaíocht tobhaigh ioncaim ag gnóthais atá cláraithe leis an Údarás gach ráithe chun oibríochtaí an Údarás a mhaoiniú agus soláthar imleor a dhéanamh le haghaidh teagmhas. I Rialacháin um thobhach an Achta um Árachas Sláinte, 1994 (Alt 17), 2001 leagtar síos an ráta don tobhach ioncaim ag 0.14% den méid inmheasúnaithe a íocadh leis na gnóthais tráchtála agus teoranta ar fad in Éirinn. Laghdaíodh na ráta ina dhiaidh sin go 0.12% leis Rialacháin um thobhach an Achta um Árachas Sláinte, 1994 (Alt 17) (Arna Leasú), 2010. In Ionstraim Reachtuil 528/2014, rialacháin um thobhach an Achta um Árachas Sláinte, 1994 (Alt 17) Rialacháin, 2014 laghdaíodh an tobhach ioncaim tuilleadh ag socrú an ráta ag 0.01% do 2015 agus 2016 ag 0.09% do 2017.

	2017 €	2016 €
Tobhach Ioncaim	2,278,884	241,245
Costais athmhuipearaithe an Chiste um Chothromú Fiontar (Nóta 13)	186,133	186,908
	2,465,017	428,153

3. Costais Riaracháin

	2017 €	2016 €
Tuarastail, pinsin agus costais eile foirne (Nóta 4)	858,054	804,165
Costais oiliúna	32,923	15,532
Táillí na Stiúrthóirí (Nóta 4)	20,948	17,264
Cíos, Muirir Sheirbhíse agus Cothabháil	99,418	112,983
Sainchomhairleoireacht (Nóta 5)	311,158	277,657
Árachas	18,267	17,515
Costais Ríomhaireachta agus Páipéarachais	23,603	34,899
Costais Riaracháin Eile ⁵	49,446	38,246
Faisnéis do Thomhaltóirí	537,049	266,700
Iniúcháireacht	8,500	9,500
Dímheas	34,730	41,422
	1,994,096	1,635,883

Déantar speansais riaracháin de €186,133 (2016: €186,908) i ndáil leis an gCoiste um Chothromú Fiontar a fháil ar ais ón gCiste agus caitear leo mar ioncam (Nóta 13).

Tháinig méadú ar an bhfaisnéis do thomhaltóirí in 2017 i ngeall ar fheachtas um athnuachan faisnéise do thomhaltóirí a rinne an HIA ag costas €389,347 (2016: €266,700).

⁵ Áirítear ar na Costais Riaracháin Eile €821 (2016: €1,202) i ndáil le baill foirne agus imeachtaí a bhaineann leis an mbord.

4. Luach Saothair

Is é is cuspóir leis an nochtadh faisnéis a sholáthar maidir le luach saothair i gcomhlachtaí Stáit, i gcomhthéacs an chaiteachais iomláin arna thabhtú ag an gcomhlacht Stáit agus socruithe luach saothair na bpríomhbhall foirne lena n-áirítear an CER agus príomhlucht bainistíochta eile. Áirítear le sochair na bhfostaithe, faoi mar a shainítear le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, "An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann" ("FRS 102"), costais tuarastal agus pinsean, costais foirceannta, sochair iarfhostaíochta, sochair fhadtéarmacha eile agus idirbhearta íocaíochta bunaithe ar scaireanna.

Táillí na Stiúrthóirí

Táillí iníoctha le baill aonair an bhoird do 2017 Sheelagh Malin (Cathaoirleach) €8,978 (2016: €7,343), Sean Coyle €5,985 (2016: €5,486), Ian Britchfield €5,985 (2016: €3,188), an Dr Fiona Kiernan €0 (2016: €0), James A. McNamara €0 (2016: €0). Ba iad na baill aonair an bhoird ar íocadh speansais leo do 2017 Ian Britchfield €408 agus James A. McNamara €4,386.

Luach saothair fostaithe

Faoi FRS102 is iad an príomhlucht bainistíochta na daoine ag a bhfuil údarás agus freagracht as pleanáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí an eintitis, go díreach nó go hindíreach, lena n-áirítear stiúrthóir ar bith (cibé stiúrthóir feidhmiúcháin nó eile) den eintiteas sin.

a) Sochair Fostaithe Chomhiomlánaithe

	2017 €	2016 €
Tuarastal	631,499	596,409
Ranníocaíochtaí fostóirí le leas sóisialach	59,169	55,926
Costais Phinsin	167,386	151,830
Iomlán	858,054	804,165

Bhí 10 ball foirne san iomlán fostaithe (CL) ag deireadh na bliana 2017 (2016: 11 nó 10.6 CL).

(b) Tuarastail na Foirne, Pinsin agus Sochair Ghearrthéarmacha

	2017 €	2016 €
Bunphá	631,499	596,444
Ragobair	0	0
Liúntais	0	0
Iomlán	631,499	596,444

(c) An phríomhphearsanra bainistíochta

Cuimsítear sa phríomhphearsanra san Údarás Comhaltai an Údarás, an CER, an Rialtóir Airgeadais, Ceann na nGnóthaí Rialála, an Ceann Taighde agus an Bainisteoir Gnóthaí Corparáideacha. Tá luach iomlán na sochar fostaithe don phríomhlucht bainistíochta leagtha amach thíos:

	2017 €	2016 €
Tuarastal	394,049	360,540
Liúntais	0	0
Sochair foirceannta	0	0
Árachas Sláinte	0	0
Iomlán	394,049	360,540

Ní áirítear leis sin luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse. Is baill iad an príomhphearsanta bainistíochta de scéim pinsean an Údaráis Árachais Sláinte nó den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus ní théann a dteidlíochtaí i ndáil leis sin thar théarmaí na scéime eiseamláirí seirbhíse poiblí nó na Scéime Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair.

(e) Tuarastal agus Sochair an Phríomhfheidhmeannaigh/an Chláraitheora

Is é seo a leanas pacáiste luacha saothair an CER don tréimhse airgeadais:

	2017 €	2016 €
Tuarastal	92,150	88,454
Iomlán	92,150	88,454

Fuair an CER taisteal agus cothú do 2017 de €169 (2016: €199).

Tá an CER ina bhall den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, agus ní théann a theidlíochtaí i ndáil leis sin thar théarmaí na scéime. Ní áirítear luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse thuas. Ní bhfuair an CER peorcaisí nó sochair ar bith in 2017.

5. Costais Sainchomhairleoireachta

	2017 €	2018 €
Cuntasaíocht	32,182	68,374
Seirbhísí Achtúireacha	124,230	75,645
Seirbhísí Dlí	34,675	29,923
Cumarsáid	52,872	46,126
Taighde	58,096	22,906
Aoisliúntas	1,617	1,095
Seirbhísí Aistriúcháin	2,486	2,838
Sainchomhairleoireacht eacnamaíoch	5,000	30,750
	311,158	277,657

6. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

	Trealamh Ríomhaireachta €	Feisteas, Troscán & Trealamh Oifige €	Forbairt Suímh Ghréasáin €	Feistiú Oifige €	Iomlán €
Costas					
Amhail an 31 Nollaig 2016	77,192	329,590 ⁶	102,325	51,383	560,490
Breiseanna le linn na bliana	3,309	-	-	-	3,309
Diúscairtí le linn na bliana	(9,515)	(2,970)	-	-	(12,485)
Amhail an 31 Nollaig 2017	70,986	326,620	102,325	51,383	551,314
Dímheas					
Amhail an 31 Nollaig 2016	59,879	325,916 ⁶	89,896	32,805	508,496
Muirear le haghaidh na bliana	10,988	2,175	11,290	10,277	34,730
Dímheas ar dhiúscairtí	(9,515)	(2,970)	-	-	(12,485)
Amhail an 31 Nollaig 2017	61,352	325,121	101,186	43,082	530,741
Glanluach Leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2017	9,634	1,499	1,139	8,301	20,573
Amhail an 31 Nollaig 2016	17,313	3,674	12,429	18,578	51,994
Maidir leis an mbliain roimhe seo					
Costas					
Amhail an 31 Nollaig 2015	69,056	328,901	102,325	51,383	551,665
Breiseanna le linn na bliana	8,136	942	-	-	9,078
Diúscairtí le linn na bliana	-	(253)	-	-	(253)
Amhail an 31 Nollaig 2016	77,192	329,590	102,325	51,383	560,490
Dímheas					
Amhail an 31 Nollaig 2015	48,125	324,043	72,631	22,528	467,327
Muirear le haghaidh na bliana	11,754	2,126	17,265	10,277	41,422
Dímheas ar dhiúscairtí	-	(253)	-	-	(253)
Amhail an 31 Nollaig 2016	59,879	325,916	89,896	32,805	508,496
Glanluach Leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2016	17,313	3,674	12,429	18,578	51,994
Amhail an 31 Nollaig 2015	20,931	4,858	29,694	28,855	84,338

⁶ Ní áirítear ar an bhFeisteas, Troscán agus Trealamh Oifige amhail an 31 Nollaig 2016 nochtadh diúscairta feistis arna luacháil ag €0 ar dháta na diúscairta.

7. Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile

	2017 €	2016 €
Ioncam ó thobhaigh infhála (Nóta 2)	561,525	56,958
Ús fabhraithe	1,633	1,586
Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe eile	44,292	39,375
Cártaí Taistil	1,237	1,168
Ciste um Chothromú Fiontar	454,928	235,386
An Scéim Rothar chun Oibre	326	-
	1,063,941	334,473

8. Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)

	2017 €	2016 €
Creidiúnaithe agus fabhruithe trádála	417,291	274,750
Soláthar do phinsin (Nóta 10)	2,042,032	1,855,614
Tobhach pinsin	2,617	3,962
An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair	472	661
ÍMAT/ÁSPC	28,607	28,399
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	3,998	46,690
Cáin Bhreisluacha	495	7,018
	2,495,512	2,217,094

9. Ceangaltais faoi Léasanna Oibriúcháin

Tá oifigí ar cíos ag an Údarás Árachais Sláinte ag Teach na Canálach, Bóthar na Canálach, Baile Átha Cliath 6 ag costas €68,000 in aghaidh na bliana. Rinneadh ath-idirbheartú ar an gcíos ó €50,000 mar thoradh ar athbhreithniú cíosa a rinneadh i mí na Bealtaine 2017. Chuaigh an tÚdarás isteach i léas 10 mbliana do na hoifigí i mí na Bealtaine 2012.

At the deireadh na bliana, tá na ceangaltais seo a leanas ag an Údarás atá dlite mar a leanas:

	2017 €	2016 €
laistigh de 1 bhliain	68,000	50,000
Níos déanaí ná bliain amháin ach laistigh de 5 bliana	232,333	200,000
Níos déanaí ná 5 bliana	-	50,000
	300,333	300,000

10. Soláthar do Phinsin

Faoi mar a pléadh sna beartais chuntasaíochta maidir le Sochair Scoir oibríonn an tÚdarás scéim pinsean dá fhostaithe. Síníodh Scéim Aoisliúntais Fostaithe an Údaráis Árachais Sláinte (IR 637 de 2016) an 21 Nollaig 2016 lena nglactar na rialacha sa atá leagtha amach sa Sceideal leis na Rialacha maidir le Rialacháin maidir le Baill Scéim Pinsean na Státseirbhíse Réamhbheithreacha 2014 (IR Uimh. 582 de 2014) mar Scéim chun na sochair aoisliúntais a dheonú do na baill foirne nó i ndáil leis na baill foirne, lena n-áirítear Cláraitheoir an Údaráis um Árachas Sláinte, de réir mar is cuí.

Tá ranníocaíochtaí lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostóirí ag ráta 25% ó mhí Iúil 2006 (16.66% roimhe sin) de phá inphinsin agus gearrtar iad ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta. Sealbhaítear na ranníocaíochtaí carntha le haghaidh chuntas an Aire Sláinte.

Beidh teidlíochtaí sochar fostaithe ina bhfeidhm dá seirbhíse leis an Údarás maidir lena seirbhís roimhe sin sa tseirbhís shibhialta nó phoiblí, de réir mar is cuí. Ní mhaoinítear an tÚdarás i ndáil le teidlíochtaí sochar dá leithéid. Ní cosúil go mbeidh an oibleagáid ar an Údarás acmhainní lena gcuimsítear sochair eacnamaíocha a aistriú (seachas le haghaidh gnáth-ranníocaíochtaí fostóirí) do shocair atá iniúchta le baill. Níltear ag súil go n-eascróidh riosca achtúireach agus riosca infheistíochta don Údarás.

Mar thoradh air sin ní mheastar go bhfuil feidhm ag na ceanglais in FRS 102 maidir le pleananna sochair shainithe agus ní mheastar go bhfuil gá le tuilleadh nochta.

Cuimsítear na ranníocaíochtaí seo a leanas sa teideal “Costais Tuarastal agus Foirne” (**Nóta 3**):

	2017 €	2016 €
Ag tús na tréimhse	1,855,614	1,678,990
Ranníocaíochtaí Fostaithe	26,801	24,794
Ranníocaíochtaí Fostóirí	159,617	151,830
Iomlán	2,042,032	1,855,614

Chomh maith leis sin in 2017: rinneadh €33,664 (2016: €32,095) a asbhaint ó bhaill foirne trí thobhach pinsin agus íocadh leis an Roinn Sláinte iad.

In 2017: rinneadh €5,990 (2016: €5,744) a asbhaint ó bhaill foirne i ndáil leis an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair agus a aistriú chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

11. Ceangaltais Chaipitiúla

Ní raibh ceangaltais ar bith maidir le caiteachas caipitil amhail an 31 Nollaig 2017.

12. Nochtadh Páirtí Ghaolmhar

Ghlac an tÚdarás nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i dtaca le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Údaráis ina raibh aon leas ag Comhaltaí an Údaráis.

13. Ciste um Chothromú Fiontar

Déantar foráil san Acht um Árachas Sláinte (Arna Leasú) 2012 le haghaidh an Ciste um Chothromú Fiontar (an Ciste) a bhunú ón 1 Eanáir 2013. Íocann árachóirí íocaíocht Dleachta Stampála le haghaidh beartas a thosaíonn nó a athnuaitear an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh leis na Coimisinéirí Ioncaim agus aistríonn siad sin an t-airgead

chuig an gCiste ansin. Íoctar Creidmheasanna um Chothromú Fiontair, thar ceann tomhaltóirí, amach as an gCiste leis na gnóthais árachais sláinte ag an tÚdarás Árachais Sláinte. Ullmhaítear ráitis airgeadais ar leith don Chiste ar bhonn bliantúil. Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste a riar agus a choimeád.

Ní fostaithe ar bith fostaithe go díreach tríd an gCiste. Ghearr an tÚdarás €186,133 (2016: €186,908) i ndáil leis an gCiste do 2017 faoi mar a leanas:

Cineál costais	Iomlán athmhuipearaithe ar an gCiste	
	2017 €	2016 €
Costais tuarastal agus foirne	149,024	142,905
Cíos, muirir sheirbhíse agus cothabháil	16,247	19,434
Costais ríomhaireachta agus páipéarachais	3,857	7,707
Costais riaracháin eile	17,005	16,710
Costais sainchomhairleoireachta eile	-	152
	186,133	186,908

14. Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 25 Bealtaine 2018.

Tuarascáil agus Cuntais an Chiste um Chothromú Fiontar 2017

5.2 Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar 2017 don bhliain dar críoch an 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2017

Don Aire Sláinte

I gcomhréir le téarmaí an Achta um Árachas Sláinte 1994 (arna leasú), cuireann an tÚdarás Árachais Sláinte Ráitis Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar i láthair don tréimhse 12 mhí dar críoch an 31 Nollaig 2017.

An Ciste um Chothromú Fiontar

(“an Ciste”)

Tuarascáil agus Ráitis Airgeadais

Clár na nÁbhar

Leathanach

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

52

Ráiteas maidir le Freagrachtaí

55

Ráitis Airgeadais

56 - 63

Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ciste um Chothromú Fiontar

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2017 faoi mar a cheanglaítear faoi fhorálacha alt 11 D (9) den Acht um Árachas Sláinte 1994 (arna leasú). Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais agus cúlchistí ioncaim coimeádta
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgeadais agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

Is é mo thuairim, go dtugtar léargas fíor cóir sna ráitis airgeadais maidir le sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chiste amhail an 31 Nollaig 2017 agus maidir lena ioncam agus lena chaiteachas le haghaidh 2017 de réir an Caighdeáin um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

Bunús na tuairime


Rinne mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta ar Iniúchóireacht (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Údarás Árachais Sláinte agus chomhlíon mé mo fhreagrachtaí eiticíúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin sin.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Chuir an tÚdarás Árachais Sláinte faisnéis áirithe eile mar aon leis na ráitis airgeadais an Chiste i láthair. Cuimsítear ann sin an tuarascáil bhliantúil lena n-áirítear ráitis airgeadais an Údaráis, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Údaráis agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugann tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis sin.



Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

15 Meitheamh 2018

Aguisín leis an Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Údaráis Árachais Sláinte

Leagtar amach freagrachtaí chomhaltaí an Údaráis sa ráiteas maidir le freagrachtaí. Tá comhaltaí an Údaráis freagrach as

- ullmhú na ráiteas airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 11 D (8) den Acht
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS102
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- a mheasúnú an bhfuil úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh maidir le cuntasáíocht cuí nó nach bhfuil, agus
- an rialú inmheánach a dhearbhaíonn siad go bhfuil gá leis chun ullmhú na ráiteas airgeadais a éascú a bheidh saor ó mhíthuiriscí ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 11 D (9) den Acht iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Chiste agus tuairisc a thabhairt fúthu do Thithe an Oireachtais.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuiriscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go mbraithfear míthuiriscí ábhartha nuair atá sé ann le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAanna. D'fhéadfadh míthuiriscí teacht ó chalaois nó ó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha i gcás go mbeifí ag súil leo le réasún, ina n-aonar nó sa chomhiomlán, go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha na n-úsáideoirí a dhéanadh siad ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAanna, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coimeádaím sceipteachas gairmiúil le linn an iniúchta. Agus amhlaidh á dhéanamh,

- déanaim na rioscaí um míthuirisc ábhartha sna ráitis airgeadais cibé acu de bharr calaoise nó earráide a shainaithint agus a mheasúnú; ceapaim agus déanaim nósanna imeachta iniúcháireachta atá freagrúil do na rioscaí sin; agus faighim an fhianaise iniúcháireachta ar leor agus ar iomchuí í chun bunús a chur le mo thuairim. Bíonn an riosca mura mbraitear míthuirisc ábhartha a bhíonn mar thoradh ar chalaois níos airde ná ceann a bhíonn mar thoradh ar earráid, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó sárú ar rialú inmheánach bheith i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar an rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúcháireachta a cheapadh atá iomchuí sna cúinsí, ach ní chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasáíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáíochta agus an nochtadh lena mbaineann.
- Déanaim cinneadh maidir le hoiriúnacht úsáid bhonn an ghnóthais leantaigh cuntasáíochta agus, ar bhonn na fianaise iniúcháireachta a fhaighim, agus maidir le cibé an bhfuil nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann a bhaineann le himeachtaí nó le dálaí lena gcaithfí amhras suntasach ar chumas an Chiste leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúcháireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. Mar sin féin, d'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo bheith ina gcúis leis an gCiste scor de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht acu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasach an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m-iniúchta.

Faisnéis seachas na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

I ndáil le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, ceanglaítear orm faoi na ISAanna faisnéis eile atá ann a léamh agus,

ag déanamh amhlaidh, a mheas cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamhréir go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó má bhíonn sé míthuairiscithe go hábhartha ar bhealach ar bith eile. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar chúrsaí eile

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím má tá cúrsaí ábhartha ar bith ann i dtaca leis an dóigh inar stiúradh an gnó poiblí.

Féachaim le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá cás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Déanann tuairisc trí eisceacht ar an méid seo a leanas, má cheapaim

- mura bhfaighim an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad a theastaím uaim d'iniúchadh, nó
- mura raibh na taifid chuntasaíochta dóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis airgeadais, nó
- mura dtagann na ráitis airgeadais leis na taifid chuntasaíochta.

An Ciste um Chothromú Fiontar

Ráiteas maidir le Freagrachtaí


In Alt 11D(8) den Acht um Árachas Sláinte 1994 (arna leasú) (an 'tAcht'), ceanglaítear ar an Údarás Árachais Sláinte (an "tÚdarás") ráitis airgeadais i ndáil leis an gCiste um Chothromú Fiontar (an "Ciste") a ullmhú. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais chuí chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin;
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- A shonrú cibé ar ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a shainaithint, agus an éifeacht agus an chúis as imeacht ábhartha ar bith ó na caighdeáin sin a shonrú; agus
- Na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás nach cuí a ghlacadh leis go leanfaidh an Ciste i mbun oibre.

Tá an tÚdarás freagrach as taifid chuntais chuí a choimeád ina mínítear agus ina dtaifeadtar idirbhearta an Chiste i gceart, lena féidir ag tráth ar bith sócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Chiste a dhearbhu go cruinn réasúnta agus lena féidir leis a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 11D(8) den Acht. Tá an tÚdarás freagrach freisin as sócmhainní an Chiste a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Ball

8th Meitheamh, 2018
Dáta


An Ciste um Chothromú Fiontar

An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	12 mhí dar críoch an 31 Nollaig, 2017 €'000	12 mhí dar críoch an 31 Nollaig, 2016 €'000
Ioncam			
Dleacht stampála	2	672,950	641,278
Caiteachas			
Creidmheas préimhe um chothromú riosca	3	556,214	511,728
Creidmheas úsáide ospidéal	4	112,120	107,691
Costais foirne agus costais eile	5	220	235
Caiteachas iomlán		668,554	619,654
Barrachas ioncaim thar chaiteachas		4,396	21,624
Ioncam infheistíochta		-	-
Barrachas don bhliain		4,396	21,624
Cúlchistí ioncaim coimeádta ag tús na bliana		40,532	18,908
Cúlchistí ioncaim coimeádta ag deireadh na bliana		44,928	40,532



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Ball

8th Meitheamh, 2018
Dáta

Tá na nótaí 1 go 11 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.


An Ciste um Chothromú Fiontar

Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Sócmhainní Reatha			
Éarlaisí gearrthéarmacha		261,780	60,000
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		229	188,628
Réamhíocaíochtaí agus féichiúnaithe eile	6	216,834	185,489
		478,843	434,117
Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin)			
Creidiúnaithe agus fabhruithe	7	(391,345)	(346,277)
Soláthar creidmheasanna úsáide ospidéal	8	(42,570)	(47,308)
		(433,915)	(393,585)
Glansócmhainní		44,928	40,532
Léirithe ag			
Cúlchistí ioncaim coimeádta		44,928	40,532



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Ball

8th Meitheamh, 2018
Dáta

Tá na nótaí 1 go 11 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.


An Ciste um Chothromú Fiontar

Ráiteas ar Shreafaí Airgeadais
don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2017

	Nótaí	2017 €'000	2016 €'000
Réiteach an bharrachais ioncaim thar chaiteachas			
leis an nglansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin			
Barrachas ioncaim thar chaiteachas don bhliain		4,396	21,624
Méadú ar fhéichiúnaithe	6	(31,345)	(9,814)
Méadú ar chreidiúnaithe	7 & 8	40,330	8,824
Glansreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		13,381	20,634
Insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe			
Ús bainc a fuarthas		-	-
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistithe		-	-
Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		13,381	20,634
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 1 Eanáir		248,628	227,994
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim amhail an 31 Nollaig		262,009	248,628
Méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		13,381	20,634



Sheelagh Malin
Cathaoirleach



Ian Britchfield
Ball

8th Meitheamh, 2018
Dáta

Tá na nótaí 1 go 11 ina gcuid de na Ráitis Airgeadais seo.

An Ciste um Chothromú Fiontar

Nótaí (ina gcuid de na ráitis airgeadais)

1. Beartais Chuntasaíochta

Tá na beartais chuntasaíochta shuntasacha a cuireadh i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais sin leagtha amach thíos. Cuireadh na beartais i bhfeidhm go comhsheasmhach maidir leis na blianta ar fad a cuireadh i láthair mura sonraítear a mhalairt.

Bunús an Ullmhaithe

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais go cuí de réir Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais 102, “An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann” (“FRS 102”). Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn fabhráithe na cuntasaíochta i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis agus faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

Tá ráitis airgeadais an Chiste léirithe in Euro (“€’000”), arb é sin airgeadra feidhmiúil an Chiste chomh maith.

Eolas Ginearálta

Rinneadh foráil san Acht um Árachas Sláinte 1994, arna leasú, leis an Acht um Árachas Sláinte 2012 (Arna Leasú), i leith cothromú fiontair trína bhfaigheann gnóthais chláráithe creidmheasanna i ndáil le ranguithe áirithe daoine árachaithe ionas nach mbaileoidh siad préimh atá iníoctha i ndáil le soláthar árachais sláinte leis an duine aonair. Déantar foráil in Acht 2012 le haghaidh an Ciste um Chothromú Fiontar (an Ciste) a bhunú chomh maith.

Tá an tÚdarás freagrach as an gCiste um Chothromú Fiontar a bhunú, a riar agus a chothabháil. Tá Comhaltaí an Údaráis freagrach as na ráitis airgeadais don Chiste a sholáthar agus a fhaomhadh. Tá an tÚdarás freagrach as údarú agus as faomhadh idirbhearta uile an Chiste. Tá sonraí maidir le córais rialachais agus rialaithe na Údaráis leagtha amach sa Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach agus an Ráiteas um Rialachas arna nochtadh i ráitis airgeadais an Údaráis.

Rinneadh foráil san Acht go n-íocfaí an dleacht stampála ar fad trí bhua Alt 125A den Acht Comhdhlúite Dleachtanna Stampála, 1999 i ndáil le conarthaí árachais sláinte a tosaíodh an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin isteach sa Chiste.

Áirítear le híocaíochtaí as an gCiste:

- Creidmheas préimhe um chothromú fiontar – ní théann an leibhéal riosca a chuireann tomhaltóir as comhair gnóthais cláráithe i gcion ar an bpréimh a íocadh. Gearrtar an phréimh chéanna ar na daoine árachaithe ar fad le haghaidh plean faoi leith, beag beann ar an aois, inscne agus staid reatha nó dhóchúil a sláinte faoi réir eisceachtaí i ndáil le leanaí faoi 18 mbliana d’aois, lascaíní do bhaill i scéimghrúpaí, aosaigh óga agus ualú pobalráitúcháin saoil. Soláthraítear sa Chiste um Chothromú Fiontar go bhfaighidh gnóthais chláráithe préimheanna níos airde i ndáil le daoine scothaosta, agus daoine nach bhfuil chomh sláintiúil go ginearálta a árchú, agus an méid níos airde a íoc trí chreidmheas préimhe um chothromú fiontar ón gCiste. Bíonn an leibhéal creidmheasanna um chothromú riosca atá iníoctha ón gCiste maidir le préimheanna éagsúil ar bhonn aoise, inscne agus an leibhéal cumhdaigh.
- Creidmheas úsáid ospidéal – tá méid sonrach iníoctha ón gCiste maidir le gach seal a chaitheann duine árachaithe i gcóiríocht ospidéal phríobháidigh nó in ospidéal atá maoinithe go poiblí i gcás go bhfuil muirear iníoctha faoi Alt 55 den Acht um Árachas Sláinte 1970 le haghaidh fanacht dá leithéid.

Tréimhse Chuntasaíochta

Baineann na ráitis airgeadais leis an mbliain ón 1 Eanáir 2017 go 31 Nollaig 2017.

Ioncam

Aithnítear Dleacht Stampála sna ráitis airgeadais thar théarma an chonartha árachais ábhartha, agus glactar leis gurb é sin dhá mhí dhéag i ngach cás. Íocann gnóthais chláráithe dleacht stampála ar bheartais a thosaíonn an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin leis na Coimisinéirí Ioncaim ar bhonn ráithiúil. Íoctar an dleacht stampála leis an gCiste ansin. Déantar fáiltais an Chiste sa bhliain airgeadais a choigeartú ansin chun an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Dleacht stampála fabhraithe arb ionann é agus an dleacht stampála amuigh atá dlite don Chiste ag deireadh na bliana agus arb ionann é agus na méideanna atá iníoctha ag na gnóthais chláráithe i ndáil leis an ráithe dheireanach den bhliain airgeadais. Taifeadfar an méid sin mar fhéichiúnaí leis an gCiste.
- Is ionann dleacht stampála nár tuilleadh agus cion measta na dleachta stampála a íocadh isteach sa Chiste le linn na bliana airgeadais agus a fabhraíodh ag deireadh na bliana a bhaineann le téarma neamhéagtha na gconarthaí árachais ábhartha ag dáta an tuairiscithe. Taifeadtar an méid sin mar dhleacht stampála nár tuilleadh ag dáta an tuairiscithe (féach **Nóta 7** – Creidiúnaithe agus fabhruithe).

Aitheantas Caiteachais

Aithnítear caiteachas sna ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe de réir mar a thabhaítear é.

Creidmheas Préimhe um Chothromú Riosca

Tugtar cuntas ar chreidmheas préimhe um chothromú riosca ar bhonn fabhraithe. Éilíonn gnóthais chláráithe creidmheas préimhe um chothromú riosca ón gCiste ar bhonn míosúil. Agus an méid atá le haithint mar speansas sa bhliain airgeadais á chinneadh, déantar na méideanna a íoctar ón gCiste a choigeartú ansin an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Méideanna a éilíodh agus atá iníoctha le gnóthais chláráithe nár íocadh ag dáta an tuairiscithe.
- Creidmheas préimhe um chothromú riosca nár cuireadh leis an gcaiteachas – íocann formhór daoine aonair polasaithe árachais i dtráthchodanna míosúla nó gach bliain roimh ré. Cuirtear creidmheasanna a éilítear i ndáil le tráthchodanna míosúla leis an gcaiteachas an mhí lena mbaineann an t-éileamh. Cuirtear creidmheasanna a éilítear le haghaidh polasaithe a íoctar go bliantúil roimh ré ar an gcaiteachas go haonfhoirmeach thar an dhá mhí dhéag den chonradh. Ag dáta an tuairiscithe aithnítear méideanna ar bith a íocadh le gnóthais chláráithe nár cuireadh leis an gcaiteachas mar fhéichiúnaí (féach **Nóta 3**).

Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasáíochta

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ceanglaítear ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus boinn tuisceana áirithe a dhéanamh a théann i gcion ar na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh na sócmhainní agus na ndliteanas ag dáta an tuairiscithe agus na méideanna a tuairiscíodh le haghaidh ioncaim agus costas le linn na bliana. Mar sin féin, ciallaíonn cineál na meastacháin go bhféadfadh difear a bheith idir na torthaí iarbhir agus na meastacháin sin. Tá an éifeacht is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Ba cheart go mbeadh an leibhéal cúlchistí i ndáil le héilimh amach anseo atá cuimsithe sna ráitis airgeadais chomh láidir leis an meastachán is fearr ar a laghad agus ba cheart gur leor é i gcónaí chun dliteanas ar bith a chumhdach a eascraíonn as eachtraí ospidéal atá le héileamh fós a mhéid is féidir a thuar go réasúnta. Déantar soláthar an chreidmheasa úsáide ospidéal a ríomh ar bhonn comhairle achtúireach neamhspleách ag baint úsáid as líon teicnící achtúireacha a bhfuil glacadh leo chun teacht ar an meastachán lárnach agus a raon meastachán réasúnta. Tá an soláthar a taifeadadh sna ráitis airgeadais chomh láidir ar a laghad leis an meastachán is fearr a fhaightear ag baint úsáid as na modhanna achtúireacha a bhfuil glacadh leo.

Creidmheas Úsáide Ospidéal

Tugtar cuntas ar chreidmheas úsáide ospidéal ar bhonn fabhraithe. Agus an méid atá le haithint mar speansas sa bhliain airgeadais á chinneadh, déantar na méideanna a íoctar ón gCiste a choigeartú ansin an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- Méideanna a éilíonn gnóthais chláráithe agus atá iníoctha leo nár íocadh ag dáta an tuairiscithe.
- Soláthar le haghaidh creidmheas úsáide ospidéal a eascraíonn i ndáil le heachtraí ospidéal a tharla sa bhliain airgeadais ach nár éiligh gnóthais chláráithe ag deireadh na bliana. Glactar leis sa soláthar go bhfuil an líon oícheanna agus laethanta i gcóiríocht ospidéal phríobháidigh aonfhoirmeach ar fud na gconarthaí a thosaíonn ar dhátaí éagsúla agus go dtarlaíonn an t-ospidéalú go haonfhoirmeach ar fud thréimhse an pholasaí. D'fhéadfaí an-difear a bheith sa tréimhse socraíochta ó éilimh ospidéal. Mar thoradh air sin d'fhéadfadh gnóthais chláráithe éileamh a dhéanamh ar chreidmheas úsáide ospidéal bliain nó níos mó i ndiaidh eachtra ospidéal.
- Coigeartú i ndáil le tearc-sholáthar nó ró-sholáthar ar bith le haghaidh creidmheasanna nár éilíodh i ndáil le blianta airgeadais roimhe sin atá fós amuigh ag dáta an tuairiscithe.

2. Ioncam

Íocann gnóthais chláraithe íocaíocht dleachta stampála le haghaidh beartas a thosaíonn nó a athnuaitear an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh leis na Coimisinéirí Ioncaim agus aistríonn siad sin an t-airgead chuig an gCiste um Chothromú Fiontair ansin.

	2017 €'000	2016 €'000
Dleacht stampála a íocadh isteach sa Chiste.	683,756	641,635
Gluaiseacht dleachta stampála infhála sa bhliain	23,127	7,394
Gluaiseacht dleachta stampála nár tuilleadh sa bhliain	(33,933)	(7,751)
	672,950	641,278

3. Creidmheas Préimhe um Chothromú Riosca

	2017 €'000	2016 €'000
Íocaíochtaí a rinneadh le gnóthais chláraithe	553,231	511,786
Creidmheas préimhe um chothromú riosca atá iníoctha le gluaiseacht gnóthas cláraithe sa bhliain	11,201	2,361
Creidmheas préimhe um chothromú riosca nár cuireadh leis an gcaiteachas sa bhliain	(8,218)	(2,419)
	556,214	511,728

4. Creidmheas Úsáide Ospidéil

	2017 €'000	2016 €'000
Íocaíochtaí a rinneadh le gnóthais chláraithe	117,143	109,043
Creidmheas úsáide ospidéil atá iníoctha le gluaiseacht gnóthas cláraithe sa bhliain	(285)	(660)
Gluaiseacht um sholáthar creidmheasa úsáide ospidéil sa bhliain	(4,738)	(692)
	112,120	107,691

5. Costais Foirne agus Costais Eile

	2017 €'000	2016 €'000
Costais athmhuipearaithe an Údaráis Árachais Sláinte:		
Costais tuarastail agus foirne	140	137
Costais oiliúna	5	3
Táillí na Stiúrthóirí	3	3
Cíos, muirear seirbhíse agus cothabháil	16	19
Árachas	3	3
Ríomhaireacht agus páipéarachas	3	6
Costais riaracháin eile	10	7
Dímheas	6	7
	186	185
Cistí a gearradh díreach ar an gCiste:		
Sainchomhairleoireacht	-	1
Iniúcháireacht	8	9
Cuntasaíocht	5	38
Achtúireach	18	-
Árachas	2	2
	33	50
Costais a thabhaigh an Ciste go díreach:		
Táillí Bainc	1	-
	220	135

Ullmhaítear na costas atá cuimsithe sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Coimeádta don bhliain 2017 ag baint úsáid as modh fabhráithe na cuntasaíochta.

6. Réamhíocaíochtaí agus Féichiúnaithe Eile

	2017 €'000	2016 €'000
Creidmheas préimhe um chothromú riosca nár cuireadh ar an gcaiteachas	59,121	50,903
Dleacht stampála infhála fabhráithe	157,713	134,586
	216,834	185,489

7. Creidiúnaithe agus Fabhruithe

	2017 €'000	2016 €'000
Dleacht stampála nár tuilleadh	279,239	245,306
Creidmheas préimhe um chothromú riosca atá iníoctha	93,213	82,012
Creidmheas úsáide ospidéal atá iníoctha	18,438	18,723
An tÚdarás Árachais Sláinte	455	236
	391,345	346,277

8. Soláthar um Chreidmheas Úsáide Ospidéal

	2017 €'000	2016 €'000
Ag tús na bliana	47,308	48,000
Ag eascairt le linn na bliana	112,120	107,691
Úsáidte le linn na bliana	(116,858)	(108,383)
Ag deireadh na bliana	42,570	47,308

9. Staid Airgeadais an Chiste um Chothromú Fiontar

De réir an Ráitis loncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí loncaim Coimeádta, b'ionann na cúlchistí coimeádta agus €44.9m (2016: €40.5m). Cuirtear barrachas nó easnamh a eascraíonn i ndáil le tréimhsí conarthaí reatha nó san am a chuaigh thart san áireamh agus moltaí á ndéanamh leis an Aire maidir le creidmheasanna um chothromú fiontar agus dleacht stampála.

Amhail an 31 Nollaig 2017, bhí airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim de €262 (2016: €249) sa Chiste um Chothromú Fiontar.

10. Nochtadh Leasanna

Ghlac an tÚdarás nósanna imeachta de réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i dtaca le nochtadh leasanna ag Comhaltaí an Údaráis agus chloígh an tÚdarás leis na nósanna imeachta sin. Ní raibh aon idirbhearta ann le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Chiste ina raibh aon leas ag Comhaltaí an Údaráis.

11. Faomhadh na ráiteas airgeadais

D'fhaomh an tÚdarás na Ráitis Airgeadais an 25 Bealtaine 2018.

6 Aguisíní

Aguisín A

Staidreamh maidir leis an Margadh Árachais Sláinte Phríobháidigh in Éirinn, 2017

Tábla 1: Daoine Árachaithe ^{7,8}

An Bhliain dar Críoch	Iomlán na nDaoine Árachaithe (000s)	Cumhdach um Árachas Sláinte Príobháideach mar % den Daonra
Nollaig 2001	1,871	48.2%
Nollaig 2002	1,941	49.2%
Nollaig 2003	1,999	49.8%
Nollaig 2004	2,054	50.2%
Nollaig 2005	2,115	50.4%
Nollaig 2006	2,174	50.3%
Nollaig 2007	2,245	50.5%
Nollaig 2008	2,297	50.9%
Nollaig 2009	2,260	49.7%
Nollaig 2010	2,228	48.8%
Nollaig 2011	2,163	47.2%
Nollaig 2012	2,099	45.6%
Nollaig 2013	2,049	44.3%
Nollaig 2014	2,025	43.4%
Nollaig 2015	2,122	45.0%
Nollaig 2016	2,152	45.2%
Nollaig 2017	2,174	45.1%

⁷ Baineann na figiúirí go léir leis an margadh iomlán árachais sláinte príobháidigh, i.e. clárú oscailte agus gnóthais teoranta.

⁸ Tá sonraí an daonra foinisithe ó mheastacháin bhliantúla an daonra de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh, a athbhreithníodh do na blianta 2012 go 2016 i Meán Fómhair 2017.

Tábla 2: Ioncam Préimhe

Bliain	Ioncam Iomlán (€m)
2002	821.9
2003	978.2
2004	1,061.1
2005	1,152.7
2006	1,299.5
2007	1,477.8
2008	1,652.2
2009	1,846.7

Bliain	Ioncam Iomlán (€m)
2010	1,949.1
2011	2,061.4‡
2012	2,240.7‡
2013	2,388.5‡
2014	2,444.9‡
2015	2,462.4‡
2016	2,528.0‡
2017	2,655.0‡

‡ áirítear HSF ó 2011 nuair a chláraigh siad ar dtús leis an Údarás.

Tábla 3: Scaireanna Margaidh+

Léirítear ar an tábla thíos an dóigh ar athraigh na scaireanna margaidh ó bunaíodh an tÚdarás.

Nollaig	Irish Life Health*†	Laya Healthcare**	Vhi Healthcare	GloHealth†	Gnóthais Ballraíochta Teoranta***
	%	%	%	%	%
2001	–	13%	82%	–	5%
2002	–	15%	80%	–	5%
2003	–	17%	78%	–	5%
2004	–	19%	76%	–	5%
2005	1%	21%	74%	–	4%
2006	3%	21%	72%	–	4%
2007	5%	21%	70%	–	4%
2008	8%	22%	67%	–	4%
2009	10%	23%	63%	–	4%
2010	14%	21%	62%	–	4%
2011	18%	21%	57%	–	4%
2012	17%	22%	56%	1%	4%
2013	15%	23%	54%	4%	4%
2014	15%	23%	53%	5%	4%
2015	14%	26%	51%	5%	4%
2016	14%	26%	50%	6%	4%
2017	20%	26%	50%	–	4%

+ Líonta atá faoi árachas cumhdaigh othair sheachtraigh

* I ndáil le 2015 agus blianta roimhe sin agus baineann na sonraí le Aviva Health. Roimh 2008, VIVAS Health a bhí ann.

** Maidir le 2012, is ionann na sonraí agus suim scaireanna margaidh Quinn Insurance Ltd (Faoi Riarachán) agus Elips Insurance Ltd. Baineann na blianta roimhe sin le Quinn Healthcare nó BUPA Ireland (2006 agus roimhe sin).


*** Áirítear leo sin de chuid is mó Scéimeanna an Gharda Síochána, BSL agus Oifigeach Príosúin.

*† Cheannaigh Irish Life Health GloHealth in 2017. Cheannaigh Irish Life Aviva Health in 2016.

Aguisín B

Éagsúlacht Éileamh de réir Aoise

Éilimh i dTorthaí in aghaidh an Duine Árachaithe in 2017



Aguisín C

Struchtúr Aoise an Mhargaidh

Léirítear ar an tábla thíos an dóigh ar athraigh struchtúr an mhargaidh ó bhí deireadh 2014 ann. Tá na táblaí sa roinn seo bunaithe ar thuairiscí faisnéise a fuarthas ó Ghnóthais Bhallraíochta Oscailte. Tá na sonraí sna tuairiscí sin difriúil ó na sonraí atá sna táblaí níos luaithe mar nach n-áirítear iontu daoine a bhfuil tréimhse feithimh tosaigh á gcur isteach acu, daoine atá árachaithe ag Ghnóthais Bhallraíochta Oscailte agus daoine atá árachaithe le táirgí nach bhfuil faoi réir dhleacht stampála an árachais sláinte agus na gcreidmheasanna sláinte a bhaineann le haois.

Líonta atá árachaithe i 000í				
Aoisghrúpa	2014	2015	2016	2017
0-17	454	475	481	481
18-29	203	210	217	221
30-39	281	297	292	285
40-49	293	322	326	328
50-59	261	276	284	286
60-69	217	224	232	236
70-79	125	132	141	149
80+	52	55	60	63

Léirítear ar an tábla thíos an difríocht a bhí idir scaireanna margaidh de réir aoise ag deireadh 2017 ann. Baineann an tábla thíos le Ghnóthais Bhallraíochta Oscailte amháin agus ní áirítear leis na Ghnóthais Bhallraíochta Teoranta.

Aoisghrúpa	Irish Life Health %	Laya Healthcare %	Vhi Healthcare %
0-49	22%	29%	49%
50-59	20%	27%	53%
60-69	19%	29%	53%
70-79	12%	24%	64%
80+	8%	13%	79%
lomlán	20%	28%	52%

Aguisín D

Clárú Gnóthas Buntáistí Sláinte
amhail an 31 Nollaig 2017

Gnóthais Bhallraíochta Teoranta

1. Irish Life Health DAC (ag trádáil mar Irish Life Health);
2. Elips Versicherungen AG (Elips Insurances Ltd.) (ag trádáil mar Laya Healthcare);
3. H.S.F. Health Plan Limited (ag trádáil mar Hospital Saturday Fund);
4. Vhi Insurance DAC (ag trádáil mar Vhi Healthcare); agus
5. An Bord Árachais Sláinte Shaorálaigh

Gnóthais Bhallraíochta Teoranta

1. Ciste Coigiltis Leighis Fhoireann BSL;
2. Cumann Árachas Sláinte Goulding;
3. Ciste Carthanachta Fhoireann Lasmuigh Irish Life Assurance plc;
4. Cumann Árachas Sláinte Irish Life;
5. Ciste Carthanachta Fhoireann Náisiúnta na hÉireann/New Ireland;
6. Cumann Árachas Sláinte na nOifigeach Príosúin; agus
7. Cumann Árachas Sláinte Naomh Pól an Gharda Síochána.

Aguisín E

Rátaí um Chothromú Riosca

Rátaí a bhí i bhFeidhm ar Chonarthaí a rabhthas á Tosú/Athnuachan ón 1 Márta 2016 go dtí an 31 Márta 2017

Creidmheasanna Préimhe um Chothromú Riosca

Cineál Conartha	Ní réamhchonradh		Réamhchonradh	
	Fear	Bean	Male	Bean
65-69	€575	€375	€1,125	€800
70-74	€900	€675	€1,800	€1,300
75-79	€1,175	€850	€2,550	€1,900
80-84	€1,550	€1,100	€3,375	€2,375
85 agus a chionn	€1,775	€1,250	€4,150	€2,775

Íoctar creidmheas úsáide ospidéil de €90 i ndáil le gach oíche cháilithe a chaitheann duine árachaithe san ospidéal.
Íoctar creidmheas úsáide ospidéil de €30 i ndáil le gach lá iontrála cáilithe a chaitheann duine árachaithe san ospidéal.

Dleachtanna Stampála Pobalrátúcháin

Dleachtanna Stampála Pobalrátúcháin (Cineál Conartha)	Ní réamhchonradh	Réamhchonradh
Duine fásta (18 agus os a chionn)	€202	€403
Páiste (17 agus faoi bhun 17)	€67	€134

Rátaí atá i bhFeidhm ar Chonarthaí atáthar ag Tosú/Athnuachan ón 1 Aibreán 2017 go dtí an 31 Márta 2018

Creidmheasanna Préimhe um Chothromú Riosca

Cineál Conartha	Ní réamhchonradh		Réamhchonradh	
	Fear	Bean	Fear	Bean
65-69	€850	€525	€1,175	€675
70-74	€1,250	€1,075	€1,950	€1,500
75-79	€1,750	€1,425	€2,750	€2,125
80-84	€2,375	€1,925	€3,750	€2,925
85 agus a chionn	€2,975	€2,375	€4,875	€3,700

Íoctar creidmheas úsáide ospidéil de €90 i ndáil le gach oíche cháilithe a chaitheann duine árachaithe san ospidéal.
Íoctar creidmheas úsáide ospidéil de €30 i ndáil le gach lá iontrála cáilithe a chaitheann duine árachaithe san ospidéal.

Dleachtanna Stampála Pobalrátúcháin

Dleachtanna Stampála Pobalrátúcháin (Cineál Conartha)	Ní réamhchonradh	Réamhchonradh
Duine fásta (18 agus os a chionn)	€222	€444
Páiste (17 agus faoi bhun 17)	€74	€148

Creidmheasanna Préimhe um Chothromú Riosca

Cineál Conartha	Ní réamhchonradh		Réamhchonradh	
	Fear	Bean	Fear	Bean
65-69	€400	€300	€1,000	€650
70-74	€725	€550	€1,750	€1,250
75-79	€1,075	€850	€2,550	€1,925
80-84	€1,450	€1,150	€3,450	€2,700
85+	€2,175	€1,450	€4,975	€3,350

Íoctar creidmheas úsáide leaba ospidéil de €100 i ndáil le gach oíche cháilithe a chaitheann duine árachaithe san ospidéal. Íoctar creidmheas úsáide ospidéil de €50 i ndáil le gach lá iontrála cáilithe a chaitheann duine árachaithe san ospidéal.

Dleachtanna Stampála Pobalrátúcháin

Dleachtanna Stampála Pobalrátúcháin (Cineál Conartha)	Ní réamhchonradh	Réamhchonradh
Duine fásta	€240	€399
Leanbh	€80	€135

Aguisín F

Staidreamh Pobalráitúcháin Saoil

B'ionann líon na ndaoine a bhí ag íoc ualú Pobalráitúcháin Saoil in 2017 agus 26,000.

B'ionann an t-ualú Pobalráitúcháin Saoil iomlán a íocadh in 2017 agus €4.5 milliún, i gcomparáid le €2.4 milliún in 2016.